# An Fóram um Pátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile

# Dul Chun Cinn go Nuige Seo agus Treoracha don Todhchaí

Iúil 2014

# Réamhrá an Aire

Tá sé cruthaithe ag Éirinn go gcuireann sí chun cinn agus go n-urramaíonn sí cearta daonna agus táthar bródúil as sin. Tá siad daingnithe sa Bhunreacht againn agus in Achtanna éagsúla de chuid an Oireachtais. Tá siad leagtha amach chomh maith i gcoinbhinsiúin agus conarthaí de chuid comhlachtaí idirnáisiúnta ar nós na Náisiún Aontaithe áit a bhfuilimid i gcónaí go gníomhach ag glacadh páirte chun tacú leis na cearta sin.

Is den tábhacht é a chinntiú go mbíonn ár struchtúir agus ár n-institiúidí tiomanta do bheith ag seasadh le caighdeáin fíor-arda urraime ar chearta daonna. Tá feidhm aige seo i gcás scoileanna agus i gcás institiúidí eile mar an gcéanna.

Sa chomhthéacs seo, agus sinn ag cur béime mar is ceart ar thorthaí oideachasúla, ní mór dúinn bheith feasach ag an am céanna ar an bhfreagracht atá orainn as a chinntiú go n-urramaítear cearta na ndaltaí go léir sa chóras bunscolaíochta oideachais, gan aird ar a gcúlra, ar a gcreidimh ná ar a náisiúntacht.

Mar chuid den fhreagairt ar an ndúshlán sin, méadaíodh an éagsúlacht roghanna scoile atá ar fáil do thuismitheoirí. Mhol an Fóram um Pátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile, a chuir mé ar bun in 2011, go dtógfaí céimeanna éagsúla chun a chinntiú go mbeadh éagsúlacht bhreise pátrúnachta le fáil sna bunscoileanna againn. Tugtar cuntas sa pháipéar seo ar an dul chun cinn atá déanta ina leith seo ó foilsíodh Tuarascail an Fhóraim. Tá an-fhonn orm dul chun cinn a fheiceáil i gcónaí.

Má tá éagsúlacht roghanna soláthraithe i scoileanna nua fiú féin, ní chuireann sé sin as an áireamh an riachtanas atá ann go mbeadh na scoileanna atá ann cheana féin ag fónamh i gcónaí ar dhaltaí as cúlraí éagsúla. Rinneadh moltaí i dTuarascáil an Fhóraim chomh maith a bhí ag dréim lena chinntiú go mbeadh na scoileanna siúd go léir nach bhfuil athrú pátrúnachta mar rogha iontu ag fónamh ar an raon éagsúil creideamh agus náisiúntachtaí atá anois ina ndlúthchuid de shochaí na hÉireann. Aithním an dea-obair atá á déanamh cheana féin ag cuid de na scoileanna. Measaim gur tábhachtach agus gur fóinteach an rud é go mbeadh deis ag scoileanna eile foghlaim óna ndea-shampla siúd. Tugtar samplaí sa pháipéar seo den chaoi ina bhfuil scoileanna ag obair chun cearta daltaí de gach uile creideamh agus cearta daltaí nach de chreideamh ar bith iad a urramú, agus ag fanacht dílis ag an am céanna d'éiteas na scoile.

Mar a nótáil Kieran agus Hession (2005), tá níos mó i gceist leis an gcuimsiú ná scoil bheith ag glacadh go fulangach le páistí, ach go mbeidís ina dtost faoi chreideamh an mhionlaigh gan gabháil ariamh le plé comhairleach, tacúil leis na tuismitheoirí nó leis na caomhnóirí. Coincheap níos dearfaí ná sin atá ann agus tá sé riachtanach go mbeimis á chur chun cinn agus á spreagadh sna scoileanna againn.

Ta léargas le fáil ina leith seo i staidéar a bhí bunaithe ar agallaimh le daoine, gur de chreidimh an mhionlaigh iad, faoi eispéiris a gclainne sa chóras sainchreidmheach (Deegan, Devine agus Lodge 2004). Tháinig saincheisteanna chun solais maidir leis an gcaoi inar féidir le páistí braistint coimhthithe mar gheall ar chreidimh dhifriúla a bheith acu. Leis na deich mbliana a chuaigh thart ó scaoileadh an staidéar sin, áfach, tá múinteoirí dulta in

oiriúint go maith don athrú atá tagtha ar phróifíl na ndaltaí ina gcuid rangsheomraí. Aithníonn siad nach bhfuil sé inghlactha go mbraithfeadh páiste ar bith "dofheicthe nó íochtaránach in ár scoileanna" mar gheall ar a c(h)reidiúintí reiligiúnacha.

Freagracht thábhachtach de chuid an Stáit é seasamh le cearta gach mionlaigh i scoileanna agus na cearta sin a urramú.

Tá traidisiún uasal ag scoileanna na hÉireann de bheith ag fónamh ar a bpobail féin. Is ollmhór an tseirbhís a thug siad chun an tsochaí agus an gheilleagar againn a fhorbairt. Rinne na pátrúin shainchreidmheacha cion mór de seo agus beidh ról nach beag á ghlacadh acu i gcónaí sa chóras oideachais againn. Is minic a bhíonn ár scoileanna gnóthach, áfach. Tá an baol ann go ndéanfaimis dearmad ar chuid de na cearta bunúsacha a bhfuil daltaí agus a dtuismitheoirí ina dteideal.

Tharlódh nach mbeadh na saincheisteanna seo ina gcúram broidiúil ag tuismitheoirí atá sásta leis na scoileanna ina bhfuil a gclann. Ní scaoileann sé seo sinn ó na freagrachtaí atá orainn, áfach, chun a chinntiú go mbíonn ár scoileanna chomh fáiltiúil agus chomh huileghabhálach agus is féidir i leith daltaí as gach cúlra, creideamh agus náisiúntacht.

Is den tábhacht é go mbeadh sé de cháil ar Éirinn i gcónaí gur tír í a sheasann le cearta an duine. Ní ceart dúinn an seans a ghlacadh go mbeadh an tír ina hábhar cáinte i gcónaí ina leith seo. Táim ag foilsiú an pháipéir seo chun tuilleadh plé agus díospóireachta a spreagadh faoin gcaoi inar féidir linn a chinntiú go mbraithfidh na daltaí go léir againn go bhfuil fáilte uileghabhálach ó chroí rompu ar scoil.

***Ruairí Quinn, T.D.***
***Aire Oideachais agus Scileanna***

***Iúil 2014***

# Caibidil 1. Cúlra agus Comhthéacs

## 1.1 Cúlra

Áiríodh i gClár an Rialtais (Rialtas na hÉireann, 2011) tiomantas chun Fóram um Pátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile a bhunú. Ba é an aidhm a bhí leis seo ná éascú le díospóireacht oscailte faoin athrú pátrúnachta i mbunscoileanna i bpobail inar chuí agus inar riachtanach é sin. Bhí sé beartaithe moltaí an Fhóraim a leagadh amach i bPáipéar Bán chun a gcur i bhfeidhm ag an Rialtas.

Bunaíodh an Fóram agus chuaigh sé i gcomhairle go fairsing le páirtithe leasmhara san earnáil. Rinne sé sraith moltaí, de réir mar atá leagtha amach go mionsonraithe i gCaibidil 2, ar a n-áiríodh:

- Socruithe pátrúnachta amach anseo;
- Dífheistiú na pátrúnachta;
- Soláthar don Ghaeilge; agus
- Cuimsiú na hilghnéitheachta a chur chun cinn sna scoileanna atá ann faoi láthair.

Tugtar cuntas níos mionsonraithe i gCaibidil 3 ar an dul chun cinn atá á dhéanamh chun moltaí an Fhóraim a chur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn déanta i mbealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Próiseas Nua chun Scoileanna Nua a Bhunú;
- Dífheistiú na Pátrúnachta i Scoileanna atá ann faoi láthair;
- Curaclam nua a Fhorbairt don Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic; agus
- Reachtaíocht Nua don Iontráil.

Maidir leis an éagsúlacht a chuimsiú sna scoileanna, aithníodh i dTuarascáil an Fhóraim gurb amhlaidh, i mórán ceantar sa tír, go mba mhór an dúshlán é éagsúlacht roghanna a chur ar fáil, leis na gréasáin lonnaíochta agus na hachair idir scoileanna mar atá siad. Moladh, dá bhrí sin, go mba cheart go mbeadh ar chumas na scoileanna atá ann cheana freastal don ilghnéitheacht i measc na ndaltaí sna pobail ina bhfuil siad suite.

Tar éis do phróiseas poiblí comhairlithe agus iniúchadh ar na cleachtais sna scoileanna atá ann faoi láthair a bheith curtha i gcrích, tugtar cuntas sa pháipéar seo ar an gcaoi ina bhfuil an-chuid scoileanna ag obair chun go mbraithfidh na daltaí go léir inár measc go bhfuil fáilte uileghabhálach rompu ar scoil. Tugtar cuntas i gCaibidlí 4 agus 5 ar líon áirithe réimsí dea-chleachtais ina leith seo agus leagtar amach roghanna agus tograí gur féidir le scoileanna iad a mhachnamh lena gcur chun cinn. I measc na dtopaicí atá clúdaithe tá:

- An Cleachtas Reatha maidir leis an gceart chun roghnú amach;
- Sceidealú Ranganna Reiligiúin agus Gníomhaíochtaí Reiligiúnacha eile;
- Roghanna do Dhaltaí maidir le Ceiliúrthaí Reiligiúnacha a bhaineann le hÉiteas na Scoile;
- Ceiliúradh Féilte Reiligiúnacha;
- Taispeáint Déantúsán; agus
- Measúnú ar Pholasaithe agus Cleachtais.

Níl sé mar aidhm sa pháipéar seo bheith saintreorach agus aithnítear go bhfuil a héiteas féin ag gach uile scoil agus go n-oibríonn sí i gcomhthéacs ar leith. Spreagtar scoileanna, dá bhrí sin, chun a gcuid cleachtas féin a bhreithniú go criticiúil agus dul i gcomhairle go ciallmhar lena bpobail agus lena bpáirtithe leasmhara féin chun polasaithe a cheapadh agus cleachtais a fhorbairt sa réimse seo. Táthar ag dréim chomh maith go dtiocfaidh éabhlóidiú ar pholasaithe agus cleachtais dá leithéid de réir mar a bhíonn athrú agus forbairt ag teacht i gcónaí ar an scoil agus ar an dtimpeallacht ina bhfuil sí ag obair.

Moltar prionsabail na dea-chumarsáide, na soiléire faoi chearta agus freagrachtaí, na hoscailteachta i leith an chomhphlé, agus na solúbthachta, mar go bhfuil siad tábhachtach i gcás na bpáirtithe leasmhara go léir chun a chinntiú go mbíonn ar chumas na scoile oibriú chun cearta ball uile phobal na scoile a chosaint agus a urramú.

Leanfar le moltaí Thuarascáil an Fhóraim a chur i bhfeidhm amach anseo. Mar a aithnítear sa pháipéar seo, níl aon tomhas ann a oireann do chách sna cúrsaí seo agus cuirfear san áireamh na hathruithe agus na forbairtí ar shochaí na hÉireann agus Tuarascáil an Fhóraim á cur i bhfeidhm. Táthar ag dréim go mbeidh an próiseas seo orgánach agus go mbeidh dóthain solúbthachta ann do scoileanna atá ag obair i gcomhthéacsanna éagsúla.

Tá fáilte i gcónaí roimh thuairimí na bpáirtithe leasmhara go léir, tuismitheoirí agus údaráis scoile ach go háirithe, atá gafa le déileáil leis na saincheisteanna seo agus is féidir iad a chur faoi bhráid cpu@education.gov.ie am ar bith.

## 1.2 Athrú ag teacht ar an gComhthéacs Sochaíoch: éagsúlacht bhreisithe i measc mhuintir na hÉireann

Tá formhór bhunscoileanna na hÉireann (96%) faoi úinéireacht pátrún reiligiúnach. Mar is léir ó Thábla 1, tá 90% de na scoileanna seo faoi phátrúnacht na hEaglaise Caitlicí. Leis na blianta fada, bhí oird reiligiúnacha agus paróistí áitiúla gafa go lárnach i scoileanna a bhunú agus a reáchtáil in Éirinn, agus dá dheasca sin bhí formhór na mbunscoileanna faoi phátrúnacht reiligiúnach. Is minic a bhronn na pátrúin an talamh le go dtógfaí na scoileanna agus chuir siad ranníocaíocht le costas tógála agus reáchtála na scoileanna. Tacaíonn na pátrúin le Boird Bainistíochta na scoileanna i gcónaí agus iad ag gabháil lena ról bainistíochta ar na scoileanna.

Cás ar leithligh é seo i measc tíortha forbartha agus d'eascair sé as forbairt na bunscolaíochta in Éirinn sa stair. Sa bhliain 1831, bunaíodh an córas bunscolaíochta mar atá sé againn inniu. Córas é a d'éabhlóidigh mar chomhpháirtíocht idir an Stát agus na pátrúin agus tá éirithe go maith leis. Leis na blianta fada, bhí formhór mór mhuintir na hÉireann ina mbaill de na heaglaisí sainchreideamhacha Críostaí, an Eaglais Chaitliceach den chuid is mó. Dá bhrí sin, bhí coitiantacht na pátrúnachta sainchreidmhí sa chóras ag teacht leis na creidiúintí a bhí coitianta i measc an phobail sa tír.

**Tábla 1.**
**Líon iomlán na mbunscoileanna de réir comhlachta pátrúnachta (2010/11)***

| Comhlacht Pátrúnachta | Líon Scoileanna | % den Iomlán |
|---|---|---|
| Caitliceach | 2,841 | 89.65 |
| Eaglais na hÉireann | 174 | 5.49 |
| Preispitéireach | 17 | 0.54 |
| Meitidisteach | 1 | 0.03 |
| Giúdach | 1 | 0.03 |
| Ioslámach | 2 | 0.06 |
| Cumann na gCarad | 1 | 0.03 |
| John Scottus Educational Trust Ltd | 1 | 0.03 |
| Lifeways Ireland Ltd | 2 | 0.06 |
| Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo | 57 | 1.80 |
| Ag Foghlaim le Chéile Teo (comhlacht pátrúnachta náisiúnta) | 44 | 1.39 |
| Scoileanna i líonra Ag Foghlaim le Chéile a bhfuil a comhlacht pátrúnachta féin acu | 14 | 0.44 |
| Boird Oideachais agus Oiliúna ** | 5 | 0.16 |
| An tAire Oideachais agus Scileanna *** | 9 | 0.29 |
| | | |
| **Iomlán** | **3,169** | **100%** |

*Tá cuntas tugtha sa tábla seo ar phátrúnacht ghnáth-bhunscoileanna príomhshrutha agus níl scoileanna speisialta curtha san áireamh ann.
** Tá Pobalscoileanna Náisiúnta faoi phátrúnacht an Aire go heatramhach, ach tá beartaithe iad a aistriú go dtí pátrúnacht BOO faoi dheireadh 2014.
***Tá an tAire Oideachais agus Scileanna ina phátrún ar na naoi Modhscoil.

Tá bunathrú ag teacht ar shochaí na hÉireann go tapaidh, áfach. Caithfidh ár gcóras oideachais bheith ag dul i dtaithí i gcónaí ar phróifíl athraitheach mhuintir na hÉireann ar a n-áirítear anois an iliomad reiligiún, creidiúintí, náisiúntachtaí agus cúlraí eitneacha difriúla.

Mar a léirítear i dTábla 2, tá fás suntasach tagtha ar an éagsúlacht reiligiún, creidiúintí, traidisiún agus cúlraí atá le fáil in Éirinn. Mar shampla, idir 1961 agus 2011, tháinig méadú ar an líon daoine a dúirt go raibh siad "Gan Chreideamh" ó 1,107 go dtí breis is 256,830. San am céanna, tháinig méadú ar an líon daoine a roghnaigh an chatagóir "reiligiúin luaite eile" go dtí breis is 75,000 i nDaonáireamh 2011.

Dá bhrí sin, tá na scoileanna againn ag fónamh ar phobal atá go suntasach níos ilghnéithí sa lá atá inniu ann ná an pobal ar ar fhóin siad san am a chuaigh thart. Tá iarrachtaí suntasacha déanta ag an-chuid scoileanna fáilte a chur roimh an bpobal ilghnéitheach seo. Ina theannta sin, tá an córas curtha in oiriúint chun fónamh ar an bpobal seo atá ag éirí níos ilghnéithí i

gcónaí.  Mar shampla, tá méadú tagtha ar líon na scoileanna atá faoi phátrúin neamhreiligiúnacha, agus tá méadú tagtha ar líon na scoileanna nua il-sainchreidmheacha atá bunaithe.

Caithfidh an córas é féin a chur in oiriúint a thuilleadh, áfach, chun a chinntiú go mbíonn sé in ann fónamh ar gach traidisiún éagsúil.  Caithfidh sé bheith ag fónamh i gcónaí ar riachtanais na gcreidiúintí traidisiúnta, mar shampla, na príomh-shainchreidimh Críostaí in Éirinn, ach caithfidh sé a chinntiú, freisin, go mbíonn urraim agus soláthar ann de reir na dtraidisiún, na reiligiún agus na gcreidiúintí éagsúla atá anois le fáil i measc an phobail.

Tá sé de fhreagracht orainn a chinntiú go gcuimsíonn na scoileanna againn daltaí as gach cúlra agus creidiúint.  Is é is cúram don pháipéar seo go príomha ná cuimsiú daltaí as reiligiúin, creidiúintí agus traidisiúin difriúla agus tugtar cuntas ann ar an obair atá déanta go nuige seo ina leith seo mar aon le cúpla roghanna a leagadh amach faoin gcaoi le cúrsaí a chur chun cinn a thuilleadh.

## Tábla 2

## Daonra rangaithe de réir Reiligiúin 2011

**An Daonra atá ina gCónaitheoirí sa Stát agus ag cur fúthu ann de ghnáth de réir Reiligiúin agus Náisiúntachta, 2011**

| Reiligiún | Náisiúntacht | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Éireannach | Eile | Gan a bheith luaite, daoine gan náisiúntacht ar bith san áireamh | Iomlán |
| Caitliceach | 3,525,573 | 282,799 | 22,815 | 3,831,187 |
| Eaglais na hÉireann, Eaglais Shasana, Anglacánach, Easpagóideach | 93,056 | 30,464 | 925 | 124,445 |
| Moslamach (Ioslámach) | 18,223 | 29,143 | 764 | 48,130 |
| Ceartchreidmheach (Gréigeach, Coptach, Rúiseach) | 8,465 | 34,854 | 684 | 44,003 |
| Creideamh Críostaí eile, nár luadh in aon áit eile | 24,023 | 15,258 | 371 | 39,652 |
| Preispitéireach | 14,348 | 8,311 | 176 | 22,835 |
| Aspalda nó Cincíseach | 5,520 | 8,182 | 174 | 13,876 |
| Reiligiúin luaite eile | 34,867 | 40,227 | 561 | 75,655 |
| Gan reiligiún ar bith | 173,180 | 82,194 | 1,456 | 256,830 |
| Gan a bheith luaite | 29,888 | 12,925 | 25,855 | 68,668 |
| **Gach uile reiligiún** | **3,927,143** | **544,357** | **53,781** | **4,525,281** |

**Foinse: Daonáireamh na hÉireann 2011 (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2012)**

## 1.3 Creat Dlíthiúil Náisiúnta

Baineann Alt 42 den Bhunreacht leis an gceart chun Oideachais agus leis an oibleagáid atá ar an Stát chun oideachas a sholáthar do gach aon pháiste. Is den tábhacht é a nótáil chomh maith, áfach, na forálacha in Alt 44 maidir leis an Reiligiún. Faoi Alt 44 den Bhunreacht, tá an ceart ag na tuismitheoirí uile a gclann a tharraingt siar as an dteagasc reiligúnach ar scoil[1].

Faoi Alt 30 den Acht Oideachais, 1998 ní ceadaithe ceangal ar mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do choinsias thuismitheoir an mhic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, do choinsias an mhic léinn.

## 1.4 Oibleagáidí Idirnáisiúnta

Leis na blianta deireanacha, tá Éire tagtha chun bheith ina páirtí le roinnt conarthaí agus coinbhinsiún idirnáisiúnta cearta daonna. Cuireann na hionstraimí in iúl agus aithníonn siad, inter alia, an ceart chun oideachais agus an ceart chun saoirse reiligiúin agus creidimh[2]. Trí theacht chun bheith ina páirtí leis na conarthaí agus na coinbhinsiúin seo, geallann Éire go gcosnóidh sí na cearta daonna atá leagtha amach iontu.

Is ceart a nótáil chomh maith go ngabhann na cearta daonna seo le gach duine aonair agus nach bhfuil feidhm ag tairseacha chomh fada is a bhaineann le hiad a chur i ngníomh i.e. cearta bheith ag fabhrú do ghrúpaí atá mór go leor ach gan iad a bheith i gceist i gcás daoine aonair.

### *1.4.1 Coistí Monatóireachta*

Fearacht gach Stáit eile atá ina pháirtí leis na coinbhinsiúin seo, bíonn Éire go tréimhsiúil ina hábhar iniúchta ag na coistí monatóireachta a bunaíodh faoi na conarthaí maidir lena feidhmíocht agus í ag cur a hoibleagáidí i bhfeidhm faoi na hionstraimí seo.

Sna tuarascálacha deireanacha, tá feidhmíocht na hÉireann cáinte ag na coistí monatóireachta éagsúla chomh fada is a bhaineann le hilghnéitheacht pátrúnachta a sholáthar agus rogha chineál scoile. Tá sé tugtha faoi deara sna tuarascálacha go bhfuil formhór mór

---

[1] Deir Alt inter alia
1° Ráthaítear do gach saoránach saoirse choinsiasa is saorchead admhála is cleachta creidimh, ach gan san a dhul chun dochair don ord phoiblí ná don mhoráltacht phoiblí.
2° Ráthaíonn an Stát gan aon chóras creidimh a mhaoiniú.
3° Ní cead don Stát neach a chur faoi mhíchumas ar bith ná aon idirdhealú a dhéanamh mar gheall ar chreideamh nó admháil chreidimh nó céim i gcúrsaí creidimh.
4° Reachtaíocht lena gcuirtear cúnamh Stáit ar fáil do scoileanna ní cead idirdhealú a dhéanamh inti idir scoileanna atá faoi bhainistí aicmí creidimh seachas a chéile ná í do dhéanamh dochair do cheart aon linbh chun scoil a gheibheann airgead poiblí a fhreastal gan teagasc creidimh sa scoil sin a fhreastal.

[2] Ar na hionstraimí seo tá:
An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine
Coinbhinsiún Creatlaí Chomhairle na hEorpa maidir le Cosaint Mionlach Náisiúnta
Cúnant Idirnáisiúnta na NA ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla
Cúnant Idirnáisiúnta na NA ar Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha
Coinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh
Coinbhinsiún na NA maidir le hIdirdhealú Ciníoch a Dhíothú

na scoileanna sa tír faoi phátrúnacht shainchreidmheach, agus gur pátrúin Chaitliceacha formhór mór na bpátrún sainchreidmheach. Tá laghad an lín scoileanna il-sainchreidmheacha nó neamh-shainchreidmheacha cáinte, mar aon le baol na heaspa comhsheasmhachta idir na scoileanna atá ar fáil agus cearta na saoránach i sochaí atá níos ilghnéithí ó thaobh reiligiúin agus cultúir de.

> *The Committee notes with concern that the vast majority of Ireland's primary schools are privately run denominational schools that have adopted a religious integrated curriculum, thus depriving many parents and children who so wish to have access to secular primary education.*
> *An Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla (Deireadh Fómhair 2008)*
>
> *The Committee notes with concern that the education system in the State Party [Ireland] is still largely denominational and is mainly dominated by the Catholic Church. The Committee further notes that non-denominational or multi-denominational schools represent only a small percentage of the total and regrets that according to reports there are not enough alternative schools.[….] The Committee reiterates its previous concluding observations and recommends that the State Party accelerates its efforts to establish alternative non-denominational or multi-denominational schools and to amend the existing legislation that inhibits students from enrolling in a school because of their faith or belief.*
> *An Coinbhinsiún maidir le hIdirdhealú Ciníoch a Dhíothú (Márta 2011)*

I dTuarascáil na Meithle Oibre don Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilechoiteann ar Éirinn ag Comhairle na NA um Chearta an Duine, a foilsíodh i mí na Nollag 2011, nótáladh go raibh Ballstáit eile de chuid na NA buartha faoin gcóras oideachais in Éirinn. Sa Tuarascáil, iarradh ar Éirinn gníomhú mar seo a leanas:

> *"Accelerate efforts in establishing a national network of schools that guarantee equality of access to children, irrespective of their religious, cultural or social background."*
> agus ina theannta sin
> *"Encourage diversity and tolerance of other faiths and beliefs in the education system.."*

## 1.5 Ár nOibleagáidí a Fhreastal

Is den tábhacht ar fad é go gcuirfí an córas oideachais in oiriúint do na hathruithe seo sa tsochaí a bhfuil sé ag fónamh uirthi chun go dtacófar le cearta na ndaltaí uile. Tá fás tagtha ar an soláthar bunscoileanna il-sainchreidmheacha, ar a n-áirítear scoileanna Ag Foghlaim le Chéile agus Pobalscoileanna Náisiúnta. Idir na blianta acadúla 2007/08 agus 2013/14, as na 61 bunscoil nua a bunaíodh, ba scoileanna il-sainchreidmheacha 44 díobh.

Tá sé cruthaithe ag Éirinn go gcuireann sí chun cinn agus go n-urramaíonn sí cearta daonna go maith. Is den tábhacht é go mbeimis i gcónaí ag comhlíonadh na gcaighdeán ard a leagadh síos sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta. Beidh droch-cháil idirnáisiúnta ar Éirinn i gcónaí mura ndéanann sí beart chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair buartha a d'ardaigh na Coistí Monatóireachta de na conarthaí idirnáisiúnta cearta daonna a bhfuil sí ina páirtí leo. Tá sé d'oibleagáid ar Éirinn chomh maith cearta bunreachtúla a saoránach go léir a chosaint

agus a chinntiú go dtagann éabhlóid agus forbairt ar an bpolasaí poiblí i dtreo is go gcosnófar agus go gcuirfear chun cinn na cearta sin.

# Caibidil 2. Fóram um Pátrúnacht

Tugadh aghaidh ar riachtanais athraitheacha oideachasúla na sochaí i gClár an Rialtais (Rialtas na hÉireann, 2011, lgh. 12-13). Chuimsigh an Clár dhá thiomantas shainiúla a bhain le ceist na pátrúnachta agus ceist an iolrachais.

- *Déanfaimid Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas san Earnáil Bunscoile a thionscnamh, agus teorainn ama a chur leis, chun ligean do na geallsealbhóirí go léir, lena n-áirítear tuismitheoirí, a bheith páirteach i ndíospóireacht oscailte faoi athrú pátrúnachta i bpobail inar cuí sin agus inar gá sin. Beidh téarma tagartha cruinne ag an bhFóram agus suífidh sé ar feadh tréimhse uasta 12 mhí.*

- *Déanfar moltaí an Fhóraim a thiomsú le chéile i bPáipéar Bán agus déanfaidh an Rialtas iad a bhreithniú a chur i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir leis an gcóras oideachais líon sách ilchineálach scoileanna a sholáthar chun freastal a dhéanamh ar gach creideamh agus ar dhaoine gan chreideamh.*

Ar theacht in oifig dó mar Aire Oideachais agus Scileanna i mí Márta 2011, bhunaigh Ruairí Quinn, T.D., an Fóram um Pátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile. De réir téarmaí tagartha an Fhóraim bhí sé mar thasc aige moltaí a chur faoi bhráid faoi na céimeanna ab fhéidir a thógáil chun a chinntiú go mbeadh an córas oideachais ag an mbunleibhéal in ann líon agus raon bunscoileanna a chur ar fáil a bheadh ilghnéitheach go leor chun fónamh ar pháistí as gach uile reiligiún agus ar pháistí gan reiligiún ar bith.

Chuaigh an Fóram i gcomhairle le páirtithe leasmhara eágsúla agus thionól sé roinnt cruinnithe poiblí le páirtithe leasmhara chun na príomhcheisteanna a bhí ag teacht chun cinn a phlé.

Foilsíodh Tuarascáil an Fhóraim i mí Aibreáin 2012. Tá sí le fáil ar líne ag www.education.ie

Lena rá go simplí, is féidir moltaí na Tuarascála a roinnt i gceithre réimse:

- Iad siúd a bhaineann leis an bpleanáil i dtreo socruithe pátrúnachta amach anseo agus i dtreo raon níos ilghnéithí cineálacha pátrúnachta a bheith ar bun do scoileanna nua i gceantair ina bhfuil an daonra ag dul i méid.
- Iad siúd a bhaineann leis na praiticiúlachtaí a bhaineann le dífheistiú pátrúnachta a chur i gcrích áit a bhfuil daonra cobhsaí agus éileamh ar éagsúlacht cineálacha scoileanna;
- Iad siúd a bhaineann le soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge; agus
- Iad siúd a bhaineann le scoileanna a dhéanamh níos uileghabhálaí, go háirithe na scoileanna 'Saorsheasaimh' mar a thugtar orthu, gur minic i gceantair tuaithe iad, gur ionann is tuairim is 1,700 iad den líon iomlán de bheagnach 3,200 bunscoil, agus nach bhfuil dífheistiú pátrúnachta indéanta mar rogha ina gcás-sa.

## 2.1 Scoileanna Nua do Cheantair a bhfuil an Daonra ag dul i Méid iontu

Nótáil an Grúpa Comhairleach go raibh an tAire Oideachais agus Scileanna tar éis ceangaltais agus critéir nua a fhógairt i mí Meithimh 2011 chun cinneadh ar phátrúnacht scoileanna nua. I gcomhthéacs daonra a bhí ag méadú agus an éilimh ar scoileanna nua i

gceantair mearfháis daonra, bhí sé ráite ag an Aire go gcuirfí béim ar leith ar an éileamh ag na tuismitheoirí ar iolrachas agus ilghnéitheacht pátrúnachta trí na critéir a d'úsáidfí chun cinneadh ar phátrúnacht scoile nua.

Tá an Grúpa um Bunú Scoileanna Nua curtha ar bun chun comhairle a chur ar an Aire maidir le pátrúnacht scoileanna nua. I dTuarascáil an Fhóraim, moladh an cur chuige seo do phátrúin a aithint áit a dteastaíonn scoileanna nua.

## 2.2 Pátrúnacht Scoileanna a Dhífheistiú

I moltaí an Ghrúpa Chomhairligh sa réimse seo, tá fócas ar dhífheistiú pátrúnachta scoileanna i gceantair ina bhfuil an daonra cobhsaí a bheag nó a mhór, áit nach bhfuil sé inmhianta go sóisialta ná indéanta go geilleagrach scoileanna nua a thógáil.

Thángthas ar an tátal sa Tuarascáil gurb amhlaidh, i gceantair ina bhfuil braisle de scoileanna sainchreidmheacha, ach go bhfuil éileamh ann ó thuismitheoirí ar mhalairt chineál pátrúnachta, '*glactar leis go ginearálta gurb é an príomhsprioc i gcás an dífheistithe ná dífheistiú ó phátrún atá ann faoi láthair go dtí pátrún nua, tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna'*.

Mhol an Grúpa próiseas trí-chéim comhdhéanta de bhailiú fianaise den éileamh ar an athrú pátrúnachta scoile, agus ina dhiaidh sin comhairliú idir na pátrúin agus na pobail scoile, agus ina dhiaidh sin arís go soláthródh na pátrúin roghanna don Roinn Oideachais agus Scileanna. Mheasúnódh an Roinn na roghanna ansin agus dhéanfadh sí moltaí don Aire le haghaidh cinnidh.

## 2.3 Bunscoileanna Lán-Ghaelacha

Nótáladh sa Tuarascáil nach cúram chomh mór céanna é nádúr sainchreidmheach nó religiúnach na scoileanna i gcás scoileanna lán-Ghaelacha, mar go bhfuil siad seo curtha ar bun de réir socruithe éagsúla maidir le pátrúnacht reiligiúnach. Nótáil an Grúpa Comhairleach go raibh scoileanna lán-Ghaelacha san áireamh i sainchúram na socruithe nua pátrúnachta scoileanna a fógraíodh i mí Meithimh 2011 agus chuir siad fáilte roimhe sin.

Mhol an Grúpa Comhairleach go mba cheart go mbeadh an t-eileamh ó thuismitheoirí ar scoileanna lán-Ghaelacha ina chuid den anailís ar na réimsí a bhí á mbreithniú i gCéim a hAon den phróiseas dífheistithe.

## 2.4 Scoileanna a Dhéanamh níos Uileghabhálaí

Ba é an ceathrú réimse leathan a chlúdaigh moltaí an Ghrúpa Chomhairligh ná an gá lena chinntiú go mbíonn na scoileanna atá ann faoi láthair uileghabhálach agus go mbíonn próisis ar bun acu chun cearta na ndaltaí a chosaint maidir le hoideachas sainchreidmheach reiligiúnach, cleachtas reiligiúnach agus socruithe don roghnú amach. Baineann sé seo le comhthéacs ina nglactar leis go mbeidh scoileanna sainchreidmheacha ina gcéad rogha i gcónaí ag mórán tuismitheoirí.

Nótáladh sa Tuarascáil go raibh sé mar chuid den fhreagairt ar an ilghnéitheacht bhreisithe sa daonra ilghnéitheacht bhreisithe scoileanna a sholáthar faoi chineálacha éagsúla pátrúnachta. Tá sé aitheanta, áfach, nach féidir leis an Stát níos mó scoileanna a chur ar fáil ná mar a theastaíonn i gceantar geografach ar bith, ar mhaithe leis an éileamh ar chineálacha éagsúla pátrúnachta a shásamh agus ar mhaithe leis sin amháin. Tá costas soláthraithe agus

cothabhála foirgneamh scoile, mar aon le costas reáchtála scoileanna dá leithéid, tuarastail foirne san áireamh, chomh hard sin nach mbeadh sé indéanta coinneáil le polasaí den sórt sin.

Is é atá mar dhúshlán romhainn, dá bhrí sin, ná a chinntiú go nglactar leis an ilghnéitheacht agus go gcuirtear san áireamh í sa chóras bunscolaíochta atá ann faoi láthair, agus ag an am céanna go dtugtar isteach ilghnéitheacht bhreisithe pátrúnachta diaidh ar ndiaidh.

Ina theannta sin, fiú in áit ina bhfuil ilghnéitheacht pátrúnachta, ní scaoileann sé seo na scoileanna atá ann faoi láthair, ná na scoileanna nua óna n-oibleagáidí chun cearta daonna na ndaltaí go léir a urramú. Is sa chomhthéacs seo a rinneadh sraith moltaí sa Tuarascáil maidir leis an ngá lena chinntiú go bhfónann na scoileanna uile ar na pobail uile ina bhfuil siad ag feidhmiú i mbealach a n-urramaíonn go soiléir cearta gach duine.

Tugtar aird ar leith sa Tuarascáil ar chás na 1,700, nó mar sin, de bhunscoileanna atá 3km ar a laghad ar shiúl ó na comharsana is goire acu, áit gur soiléir nach rogha indéanta é ilghnéitheacht a sholáthar trí rogha scoile faoi phátrún eile a chur ar fáil. Mhol an Grúpa gur cheart don Roinn Oideachais agus Scileanna prótacal a fhorbairt agus a eisiúint chun cearta gach páiste atá rollaithe i scoil a chosaint, agus gur cheart do gach scoil feidhmiú praiticiúil prótacail dá leithéid a chorprú ina Plean Scoile. Dhéanfaí é seo i gcomhairle le pátrúin, tuismitheoirí, comhlachtaí bainistíochta agus páirtithe leasmhara eile.

I measc na bpríomheilimintí a moladh sa Tuarascáil lena mbreithniú i bhforbairt prótacail dá leithéid bhí:

- deimhin a dhéanamh de go léireodh Boird Bainistíochta scoileanna sainchreidmheacha ilghnéitheacht an phobail áitiúil;
- sanais a fhorbairt don Mheasúnú Scoile Uile agus don bhféinmheasúnú ag scoileanna ar an gcleachtas maidir le hilghnéitheacht agus éiteas;
- polasaithe cothromasacha rollaithe a chinntiú;
- déileáil go heifeachtach leis an gceart Bunreachtúil roghnú amach as an oideachas reiligiúnach;
- a chinntiú go mbíonn Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus faoin Eitic ar fáil do gach aon mhac léinn. D'fhorbrófaí aon chláir nua i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais agus, seachas dul ina n-áit, bheidís forlíontach do na cláir oideachais reiligiúnaigh atá ann cheana, cláir a bhfuil roinnt den Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus faoin Eitic san áireamh i mórán díobh cheana féin.

## 2.5 Ceisteanna Eile

Moladh sa Tuarascáil freisin gur ceart soláthar a dhéanamh d'oideachas sainchreidmheach reiligiúnach/foirmiú creidimh a mhúineadh mar ábhar scoite, agus nach ceart go gcuirfeadh ullmhú do na sacraimintí, nó oideachas do dheasghnátha córas creidimh eile isteach ar an am a leithdháileadh don churaclam i gcoitinne, bíodh is go bhfanfaidh curaclam na bunscoile i gcoitinne comhtháite i rith an lae scoile. Mhol sé go mba cheart polasaithe comhaontaithe scoile a bheith ann faoi cheisteanna ar nós stiúradh ceiliúrthaí reiligiúnacha agus cultúrtha. Moladh athbhreithniú agus nuashonrú ar Na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta, dar dáta 1965, agus ar Riail 68, ach go háirithe, a thagraíonn don Teagasc Reiligiúnach mar "*an chuid is tábhachtaí ar fad den churaclam scoile,*" agus ina bhfuil tagairt do, *"obair na scoile á treorú agus á beochan ag spiorad reiligiúnach,"* (An Roinn Oideachais, 1965), rud atá cáinte sa mbaile agus thar lear de bharr bheith as dáta.

Díríodh aird i dTuarascáil an Fhóraim ar an ngá le nósanna imeachta do ghearáin agus achomhairc chun déileáil le ceisteanna rollaithe agus le líomhaintí faoi shárú cearta daonna, Bunreachtúla nó reachtúla maidir le saoirse reiligiúin.  Cuireadh béim chomh maith ar an tábhacht a bhain le bheith ag déanamh soláthair i gcónaí don chuimsiú sóisialta agus do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta acu, chomh maith le bheith ag fónamh ar an ilghnéitheacht ag an am céanna.

# Caibidil 3. Moltaí na Tuarascála a Fheidhmiú

Tar éis do Thuarascáil an Fhóraim a bheith faighte agus foilsithe, d'fhreagair an tAire Oideachais agus Scileanna ar an dTuarascáil le "Plean Aicsin" i mí Meithimh 2012. (Feic www.education.ie chun tuilleadh sonraí a fháil ar an bPlean Aicsin ar thug an tAire cuntas air i mí Meithimh 2012.)

Ó shin i leith, tá roinnt céimeanna difriúla tógtha chun mórán de na moltaí atá san áireamh sa Phlean Aicsin a chur i bhfeidhm. Tugtar thíos nuashonrú gearr ar na príomhthionscnaimh a glacadh.

## 3.1 Próiseas Nua do Scoileanna Nua a bhunú

In 2011, fógraíodh socruithe nua chun cinneadh ar phátrúnacht do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna nua. Is é is aidhm leis na socruithe ná cur chuige cothromaithe a chur ar fáil, chun ligint do phátrúin ionchasacha iarratais a dhéanamh ar scoileanna a bhunú.

Bunaíodh Grúpa um Bunú Scoileanna Nua in 2011 chun comhairle a thabhairt faoi phátrúnacht scoileanna nua. Tá an-bhéim i gcritéir an Ghrúpa ar an éileamh ó thuismitheoirí ar iolrachas agus ilghnéitheacht pátrúnachta, agus iarrtar ar chomhlachtaí pátrúnachta atá ag beartú scoileanna ag an mbunleibhéal nó ag an iar-bhunleibhéal fianaise a chur ar fáil ar éileamh ar an bpátrúnacht sin.

Táthar chun 20 bunscoil nua a bhunú faoi 2017 de réir na socruithe nua. Idir na blianta acadúla 2007/08 agus 2013/14, bunaíodh 61 bunscoil nua, 44 díobh sin il-sainchreidmheach.

## 3.2 Próiseas Dífheistithe Pátrúnachta i gcás Scoileanna atá ann Cheana

Moladh sa Tuarascáil go bhféadfaí, i gcás ceantar ina bhfuil an daonra cobhsaí, áit a bhfuil fianaise ann ar éileamh ar chineálacha éagsúla pátrúnachta, an t-éileamh seo a shásamh trí phátrúnacht scoileanna atá ann cheana a dhífheistiú. Bhí sé seo ar aon dul leis an gcur chuige a mhol na hEaspaig Chaitliceacha in 2007 agus 2008 i ndoiciméid fhoilsithe éagsúla.

Faoi 2008, bhí tús curtha le caibidlíocht idir ionadaithe na hEaglaise Caitlicí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le ceisteanna a bhain le próiseas dífheistithe pátrúnachta scoileanna. Thug an Roinn ar aird liosta ceantar ina bhféadfaí cás a dhéanamh ar son breithmheasa le súil le dífheistiú féideartha. Ghabh Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha comhairliú de láimh chomh maith maidir le ceantair ina bhféadfaí dífheistiú a dhéanamh.

Mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean Aicsin a d'fhógair an tAire mar fhreagairt ar Thuarascáil an Fhóraim, tugadh faoi shuirbhéanna ar chéadrogha na dtuismitheoirí i 43 ceantar dá leithéid, ag tosnú le cúig cheantar phíolótacha i bhFómhar 2012.

Ba é ab aidhm leis na suirbhéanna ná an leibhéal éilimh ó na tuismitheoirí ar rogha ní ba leithne pátrúnachta bunscoileanna sna ceantair seo a fháil amach. Tá daonraí sách cobhsaí sna ceantair i gceist agus sna tosca seo níl mórán dealraimh ann, de bharr cúiseanna déimeagrafacha, go mbunófar scoileanna nua iontu sna blianta beaga amach romhainn. Mar sin, is é an t-aon sás amháin chun ligint le malairt pátrún fáil gafa le soláthar scoileanna ná

cuid de na pátrúin atá á soláthar faoi láthair a dhífheistiú, b'fhéidir, sna ceantair sin, ar an gcoinníoll gur leor an t-éileamh atá ann ó na tuismitheoirí ar rogha níos leithne pátrúnachta.

Tugadh faoi shuirbhéanna ar dtús i gcúig cheantar ar bhonn píolótach agus d'fhoilsigh an Roinn tuarascáil fúthu seo i mí na Nollag 2012 atá le fáil ag www.education.ie. Ina dhiaidh sin, bhí comhairliúcháin ann i measc na bpáirtithe leasmhara maidir leis an suirbhé píolótach agus na hathruithe a d'fhéadfadh bheith ag teastáil don chéad chéim eile d'obair an tsuirbhé.

Tharla an chéad chéim eile de na suirbhéanna i mí Eanáir 2013 nuair a rinneadh suirbhéanna ar na 38 ceantar eile. As na 43 ceantar ar fad a ndearnadh suirbhéanna orthu, léiríodh dóthain éilimh ó na tuismitheoirí ar rogha níos leithne pátrúnachta scoile i 28 díobh chun tacú le hathrú i bpátrúnacht na scoileanna. Léirigh tuismitheoirí gur Ag Foghlaim le Chéile a bheadh mar chéadrogha acu mar mhalairt phátrúnachta i 25 de na ceantair, agus i 2 cheann de na ceantair ba é an Bord Oideachais agus Oiliúna áitiúil an mhalairt phátrúnachta ab fhearr leo. Foilsíodh tuarascáil faoi thorthaí na suirbhéanna seo i mí Márta 2013 atá le fáil ag www.education.ie.

Léirigh ceantar amháin dóthain éilimh ar scoil náisiúnta lán-Ghaelach. Tá Gaelscoil mar rogha ag tuismitheoirí cheana féin i 35 de na 43 ceantar a ndearnadh suirbhéanna iontu. Léirigh na suirbhéanna chomh maith go bhfuil mórán tuismitheoirí sásta leis na scoileanna reatha atá ar fáil de réir na socruithe pátrúnachta atá ann faoi láthair.

Tar éis pléanna leis na pátrúin Chaitliceacha atá ann faoi láthair faoi roghanna cóiríochta buaine a d'fhéadfadh a bheith ann, agus pléanna le Ag Foghlaim le Chéile faoina dtosaíochtaí do thúscheantair tionscanta, tá beartaithe trí scoil nua a oscailt i mí Mheán Fómhair 2014 i dTrá Mhór, Co Phort Láirge, i mBaile Átha Troim, Co na Mí agus i Mullach Íde/ Port Mearnóg, Co Bhaile Átha Cliath. Braithfidh na scoileanna nua seo ar chóiríocht shealadach a bheith ar fáil agus ar rolluithe inmharthana. Ina theannta sin, beidh foirgneamh i Lána an Taiscumair, Baile Átha Cliath 8, a bhain leis na Bráithre Críostaí tráth, in úsáid ó mhí Mheán Fómhair 2014 amach ag scoil de chuid Ag Foghlaim le Chéile a osclaíodh i gcóiríocht shealadach i mí Mheán Fómhair 2013.

I mBéal an Átha, Co. Mhuigheo, tá sé faoi chaibidil go mionsonraithe chomh maith scoil de chuid Eaglais na hÉireann a aistriú go dtí pátrúnacht Ag Foghlaim le Chéile. Tá sé seo ag tarlú tar éis d'Easpag Eaglais na hÉireann agus na tuismitheoirí san áit, agus do phobal na scoile, toiliú le hathrú pátrúnachta.

Táthar ag dul ar aghaidh le pléanna leis na húdaráis Chaitliceacha i gcónaí sna ceantair roghnaithe. Tá caibidlíocht dhearfach tar éis bheith ar siúl leis na pátrúin go dtí seo. Níl an dífheistiú dulta chun cinn chomh tapaidh agus a beartaíodh ar dtús. Tá sé beartaithe oibriú i gcomhar leis na pátrúin chun a chinntiú go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn i leith scoileanna nua in 2015 agus as sin amach.

## 3.3 Curaclam Nua a fhorbairt ar Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic

Tá sé tugtha mar thasc don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta curaclam nua a fhorbairt ar Oideachas faoi Reiligiún agus Creidiúintí, agus Eitic. Is féidir go bhfuil múineadh agus foghlaim faoi reiligiúin agus creidiúintí éagsúla ar siúl cheana fein i mórán bunscoileanna ach níl siad ar siúl iontu go léir. Moladh i dTuarascáil an Fhóraim go mbeadh curaclam na CNCM forlíontach do chláir atá ann cheana a dhéanann soláthar d'Oideachas

faoi Reiligiún agus Creidiúintí agus Eitic. Beidh na hábhair seo mar bhreisiú ar chláir oideachais reiligiúnaigh atá ann cheana agus ní rachaidh siad ina n-áit i mbealach ar bith. Soláthróidh an curaclam nua comhsheasmhacht, struchtúr, tacaíocht agus spás curaclach chun foghlama agus chun na ceisteanna sa réimse seo a phlé. Cheap an CNCM Oifigeach Cláir chun an curaclam a fhorbairt in 2013. Beidh comhairliú forleathan le gach páirtí leasmhar cuí i gceist leis an obair. Tá Plépháipéar á ullmhú, a bheidh ina bhunús le comhairliú i bhFómhar 2014.

## 3.4 Reachtaíocht Nua maidir le Rollú

Tá an Bille Oideachais (Iontráil ar Scoil), 2014 á dhréachtú faoi láthair. Thionóil Comhchoiste an Oireachtais um Oideachas agus Coimirce Shóisialta éisteachtaí poiblí faoi na tograí agus d'fhoilsigh siad a dtuarascáil faoin gceist i mí Márta 2014.

Táthar ag obair ar dhréachtú an Bhille faoi láthair in Oifig na Comhairle Parlaiminte agus tá sé beartaithe an Bille a fhoilsiú i Samradh 2014.

Is é is aidhm leis an mBille ná feabhas a chur ar an bpróiseas iontrála agus a chinntiú go ndéanann scoileanna cinnidh faoi iarratais i mbealach atá struchtúrtha, cothrom, trédhearcach. Tá sás beartaithe sa reachtaíocht chomh maith chun a chinntiú go bhfaigheann gach aon pháiste ionad scoile.

Faoin reachtaíocht atá beartaithe, éileofar ar scoileanna polasaí rollaithe a fhoilsiú ar a n-áireofar sonraí faoi na socruithe atá déanta ag an scoil i gcás daltaí nach mian lena dtuismitheoirí go bhfreastalóidís ar theagasc reiligiúnach.

## 3.5 Freastal don Ilghnéitheacht i Scoileanna

Mar a nótáladh thuas, ceann de na ceisteanna a sainaithníodh i dTuarascáil an Fhóraim ab ea an dúshlán ar leith a bhí ag baint le hilghnéitheacht pátrúnachta a chur ar fáil taobh amuigh de na ceantair uirbeacha. Tá sé seo amhlaidh go háirithe i dtír mar Éire ina bhfuil gréasán scaipthe daonra taobh amuigh de na ceantair uirbeacha. Dá bhrí sin, leis na patrúin comaitéireachta agus na hachair taistil go dtí na scoileanna, ní bheadh an dara rogha scoile ann mar mhalairt réalaíoch dá lán daoine in an-chuid áiteanna sa tír.

Meastar cheana féin gur mór é líon na mbunscoileanna beaga in Éirinn. Dá bhrí sin, in an-chuid ceantar tuaithe, níl an lucht freastail scoile líonmhar go leor chun líon scoileanna a chothabháil ar leor é chun ilghnéitheacht pátrúnachta a sholáthar chun aon éileamh a bheadh ann a shásamh. Dá bhrí sin, bheadh an baol ann, dá soláthrófaí scoileanna breise faoi mhalairt phátrúnachta, go mbainfí an bonn ó inmharthanacht na scoileanna atá ann faoi láthair, rud nach mbeadh inghlactha. Ina theannta sin, bheadh costas nach beag ag dul le scoileanna breise a chur ar fáil, a fhoirniú agus a reáchtáil agus, in atmasféar na linne seo ó thaobh an bhuiséadaithe de, táthar ag díriú na n-acmhainní ar an éileamh ar scoileanna nua a shásamh i gceantair mearfháis daonra.

Dá réir sin, níl de rogha réalaíoch ag formhór na ndaoine in an-chuid áiteanna sa tír ach an scoil atá san áit faoi láthair. Tá an scoil, is cuma cén éiteas atá aici ag fónamh ar an raon iomlán de thraidisiúin, reiligiúin agus creidiúintí i measc an phobail agus is den tábhacht é go dtacaítear leis an scoil agus í ag iarraidh an ilghnéitheacht a urramú agus fáilte a chur roimpi.

Ar chuma ar bith, mar a nótáladh i gCaibidil 1 thuas, tá dualgas ar na scoileanna go léir cearta bunreachtúla na ndaltaí agus a dtuismitheoirí a urramú, fiú má tá siad i ngar do scoileanna faoi phátrúnacht eile, agus is ceart dóibh fáilte a chur roimh na daltaí go léir atá rollaithe sa scoil agus iad a chuimsiú inti.

I bhfianaise na ndúshlán ar leith a bhaineann leis an gceist seo i gcás scoileanna na hÉireann, agus fios aige go raibh mórán tuismitheoirí agus scoileanna ag déileáil leis an gceist cheana féin i mbealach praiticiúil i gcónaí, chinn an tAire ar chomhairliúchán poiblí a lainseáil faoin gceist chun tuairimí na dtuismitheoirí, ach go háirithe, a bhailiú faoin ní is ceart a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh ar chumas scoileanna na hÉireann daltaí as gach traidisiún, reiligiún agus creidiúint a chuimsiú. Tá mionsonraí faoin gcomhairliúchán seo leagtha amach sa chéad rannán eile.

# Caibidil 4. Comhairliúchán, Samplaí den Dea-chleachtas agus den Dea-Chumarsáid

## 4.1 Forbhreathnú ar an bpróiseas comhairliúcháin

I mí Mheán Fómhair 2013, lainseáil an tAire comhairliúchán poiblí inar iarradh ar thuismitheoirí ach go háirithe, a gcuid tuairimí agus smaointe a chur faoi bhráid faoin gcaoi inar féidir leis na bunscoileanna uile gach páiste a thabhairt chun braistint go bhfuil sé/í cuimsithe, rannpháirteach. Áiríodh leis seo ceisteanna faoin gcaoi is fearr le freastal do mhic léinn as córais agus traidisiúin éagsúla agus faoin gcaoi ina bhfuil polasaithe forbartha agus feidhmithe ag scoileanna faoi chomóradh ceiliúrthaí reiligiúnacha agus taispeáint déantúsán reiligiúnach ar scoil.

Scaipeadh cóipeanna de na doiciméid comhairliúcháin ar gach Cumann Tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta agus ar na páirtithe leasmhara eile go léir.

Tugtar i dTábla 3 thíos forbhreathnú ar na haighneachtaí a fuarthas mar fhreagairt ar an ndoiciméad comhairliúcháin seo a cuireadh amach ar dtús.

**Tábla 3**
**Freagairtí ar an gCuireadh chun Aighneachtaí a Dhéanamh**

| Catagóir Freagróra | Líon Aighneachtaí | % den iomlán (go neasach) |
|---|---|---|
| Tuismitheoirí/ Daoine Aonair | 377 | 86.47 |
| Cumainn Tuismitheoirí | 10 | 2.29 |
| Foireann Scoile | 11 | 2.52 |
| Baill de Bhoird Bainistíochta | 4 | 0.92 |
| Eagraíochtaí | 28 | 6.42 |
| Eagraíochtaí de Pháirtithe Leasmhara * | 6 | 1.38 |
| **IOMLÁN** | **436** | **100%** |

*Ba iad seo na grúpaí de pháirtithe leasmhara a bhí gafa leis an bhFóram um Pátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile. Ba iad na grúpaí de pháirtithe leasmhara a chuir freagairtí faoi bhráid ná:

Cumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha
Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha/Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha (comhaighneacht)
Gaelscoileanna Teo
Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
Cumann Múinteoirí na hÉireann
An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse

Mar is léir ón dtábla, is ó thuismitheoirí aonair a tháinig formhór mór na n-aighneachtaí. Cuimsíonn na freagairtí speictream leathan de thuairimí agus luaitear samplaí de shleachta gan ainmneacha leo sa chaibidil seo agus sa chéad chaibidil eile chun barúil a thabhairt de na tuairimí éagsúla a nochtadh.

Bhí raon díobh seo ann ó dhaoine a bhí go láidir den tuairim nach ceart go mbeadh ról ar bith ag an oideachas reiligiúnach sa bhunoideachas go dtí daoine eile a chreideann go bhfuil na bunscoileanna in Éirinn an-uileghabhálach cheana féin agus atá in aghaidh athraithe ar bith ar an gcóras reatha.

> "*My view is that religious instruction has no place in schools. In particular, it should not be permitted in schools that receive state funding, irrespective of the school's patronage. I want my taxes to go towards Education not Indoctrination of my children*." – Tuismitheoir, Uimh. 127

> *"Those who are Catholic and who chose to send their children to Catholic schools want their children to be taught Catholicism in school and taught correctly."* Tuismitheoir, Uimh. 402

Mar sin féin, is ábhar cúraim é i gcónaí an cheist a bhaineann lena chinntiú go mbíonn na scoileanna go léir, iad siúd atá i gceantair tuaithe ach go háirithe, in ann fónamh ar na pobail áitiúla go héifeachtach agus timpeallacht oideachasúil atá fáilteach, uileghabhálach a chur ar fáil do na daltaí uile, is cuma faoina gcúlraí.

Bhí cuid de na freagróirí i bhfabhar tuilleadh a dhéanamh chun uileghabhálacht a chur chun cinn sna scoileanna. Dhírigh an-chuid díobh seo aird ar an gcaoi ina bhfuil scoileanna, de réir mar atá taithí acusan orthu, ag caitheamh ama agus dua cheana féin chun bheith chomh fáiltiúil agus is féidir. Admhaíonn siad, áfach, gur ceart tuilleadh oibre a dhéanamh ina leith seo, bíodh is nach ceart go mbeadh ar an scoil a héiteas a athrú. Feictear dóibh go mbeadh scoileanna toilteanach breis treorach agus treoirlínte a ghlacadh ina leith seo.

> *"The current examples of good practice could be strategically built upon for all schools if there was further provision of direction, guidelines and resources on promoting inclusiveness"* – Eagraíocht Náisiúnta, Uimh. 375

Bhí líon cuíosach mór de na freagróirí den tuairim, más rud é go dteastaíonn ón Stát iolrachas agus ilghnéitheacht a chur ar fáil sa chóras, go mba cheart dó bogadh i dtreo scoileanna nua a bhunú (faoin nGrúpa um Bunú Scoileanna Nua) é féin, agus na scoileanna sainchreidmheacha atá ann faoi láthair a fhágáil mar atá siad. Ní chuirfeadh an grúpa seo fáilte roimh mhúineadh nó ceiliúrthaí a bhainfeadh le reiligiúin nó féilte reiligiúnacha seachas iad siúd a bhaineann le héiteas reiligiúnach na scoile.

> "*These schools are owned by the Catholic Church and were founded, paid for and supported by Catholics and they also provide excellent education to non-Catholics. If the Irish State wishes to provide education to children of parents who do not wish their children to attend Catholic Schools then these people should fund their own schools or the State can make separate provision, if approved by the majority of taxpayers*." – Tuismitheoir, Uimh. 279

> *"I want my children to have a Catholic education and I would like that priority be given to promoting the ethos and existing traditions of such an education in Catholic schools"* – Tuismitheoir, Uimh. 388

Bíodh is go mb'fhéidir leis an nGrúpa agus leis an bpróiseas dífheistithe bealach a chur ar fáil chun ilghnéitheacht pátrúnachta a chur ar fáil ina lán ceantar uirbeach, mar a nótáladh

thuas, tá áiteanna sa tír i gcónaí ina gcaithfí acmhainní reatha a mhacasamhlú chun scoileanna breise a chur ar fáil agus ina mbeadh an baol ann go mbainfí an bonn ó inmharthanacht na scoileanna atá ann faoi láthair.

Dá bhrí sin, is den dea-chomhairle é tacú agus treorú a thabhairt do na scoileanna atá ann faoi láthair agus a chinntiú go n-éiríonn leo agus iad ag iarraidh bheith fáiltiúil, uileghabhálach.

### *4.2.1 Samplaí den Dea-chleachtas*

Is minic a dúradh sna freagairtí ar an gcomhairliúchán poiblí go bhfuil na scoileanna fáiltiúil, uileghabhálach. Dúradh freisin, áfach, go mb'fhéidir nach mbeadh scoileanna eile feasach ar an gcur chuige a bhí ag na scoileanna seo don cheist. Is léir go gcuirfear scaipeadh an eolais seo chun cinn leis an gcomhroinnt eolais agus na dea-shamplaí den chleachtas.

Ceann de na ceisteanna a cuireadh mar chuid den chomhairliúchán poiblí ab ea an cheist a cuireadh ar na tuismitheoirí, céard iad na samplaí den dea-chleachtas sin a d'fhéadfaidís a lua agus céard a bhí á dhéanamh, go praiticiúil, ag scoileanna aonair chun a chinntiú nach mbraithfeadh páistí fágtha as an áireamh ná aonarach, dáiríre, agus go mbeadh a gcearta á n-urramú.

Bíodh is go dtiocfaidh scoileanna agus tuismitheoirí difriúla ar shocruithe éagsúla agus iad ag obair i gcomhthéacsanna éagsúla, tá luach ag baint leis an bhfoghlaim ó na cleachtais seo. Fiú mura féidir iad a chur i bhfeidhm i ngach cúinse, tá luach leo sa mhéid go dtaispeánann siad an chaoi le réitigh a bhaint amach, i spiorad uileghabhálachta agus comhphlé, a ligeann don scoil fanacht dílis dá héiteas agus gach dalta a chur san áireamh agus fáilte a chur roimhe/roimpi ag an am céanna.

Ní raibh gach duine de na freagróirí in ann samplaí a thabhairt mar fhreagairt ar an gceist seo. Mar a léireofar sa chéad Chaibidil eile, áfach, tá samplaí ann den dea-chleachtas maidir leis na ceisteanna seo agus de roghanna éagsúla do scoileanna a fheidhmíonn i gcomhthéacsanna difriúla. Cuimsíonn siad seo ceisteanna ar nós roghanna amach a chur i bhfeidhm; deasghnátha reiligiúnacha; ceiliúrthaí reiligiúnacha daoine eile a chomóradh; agus taispeáint déantúsán.

Is léir ó na samplaí den dea-chleachtas a luadh agus ón gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara eile, go bhfuil roinnt príomhphrionsabal bunúsach ann a bhaineann leis an uileghabhálacht rathúil i scoileanna. Orthu seo tá:

- Dea-chumarsáid;
- Soiléire faoi chearta agus freagrachtaí;
- Dea-chaidreamh idir na páirtithe éagsúla;
- Oscailteacht i leith an chomhphlé agus an chomhréitigh; agus
- Solúbthacht

Is suntasach an rud é chomh maith nach annamh a éiríonn níos fearr leis na scoileanna sin, ina nglactar cur chuige níos réamhghníomhaí i leith na hilghnéitheachta agus ina mbíonn feasacht níos mó ar an ngá leis an gcomhphlé, fónamh ar riachtanais an phobail ina bhfuil siad suite.

Is íostach ar fad an dearcadh ar an uileghabhálacht atá á ghlacadh ag scoil a cheadaíonn rollú dóibh siúd gur as grúpa eile creidimh iad nó nach de chreideamh ar bith iad, ach nach ndéanann beart gníomhach chun fáilte a chur roimh na daltaí seo agus iad a chur san áireamh. Ní hionann an easpa doichill rompu siúd atá ag iarraidh rollú agus cur chuige ag an scoil atá i ndáiríre oscailte, uileghabhálach. Tá sé ráite le linn an dioscúrsa phoiblí go dtéann sé seo chun sochair na ndaltaí go léir atá ag freastal ar scoileanna a ghlacann cur chuige níos réamhghníomhaí i leith na huileghabhálachta, agus go dtéann ilghnéitheacht shaibhir chúlraí agus creideamh na ndaltaí chun sochair don scoil féin.

### *4.2.2 Dea-chumarsáid*

As an dea-chumarsáid tagann soiléire faoi chearta agus freagrachtaí na bpáirtithe leasmhara éagsúla agus cuirtear caidrimh níos fearr chun cinn léi. I scoileanna aonair, is den tábhacht ar fad é go mbeadh dea-chumarsáid ann idir boird bainistíochta, Príomhoidí, múinteoirí, baill foirne eile, tuismitheoirí, daltaí agus an pobal mór. Is den tábhacht chomh maith é, áfach, go mbeadh oscailteacht i leith an chomhphlé agus an chomhréitigh agus meon solúbtha i measc na bpáirtithe go léir mar bhun agus taca léi.

Tá tábhacht ar leith ag baint leis an saghas cainte a bhíonn ag scoileanna. Is iomaí scoil a dhéanann iarracht ar leith bheith leochaileach ina leith seo. Féadann sé tarlú, áfach, agus scoileanna ag iarraidh aon mhíthuiscint a sheachaint faoina n-éiteas sainchreidmheach, go mbeadh an cineál cainte ina ráitis polasaí ag cuid acu a chuirfeadh as do thuismitheoirí gur as traidisiúin, reiligiúin agus creidiúintí difriúla iad.

Tá scoileanna ann atá, i ndáiríre, an-fháiltiúil, oscailte i leith daltaí as gach cúlra. Is féidir, áfach, nach léiríonn na scoileanna seo go léir na dea-chleachtais seo go hiomlán ina bpolasaithe scríofa. Is féidir go gcuirfí tuismitheoirí as cúlraí eile ó chomhphlé a dhéanamh le scoileanna dá leithéid ar an gcúis amháin go bhfuil a bpolasaithe scríofa léite acu. Is den tábhacht é, mar sin, go mbeadh an dea-chleachtas á léiriú i bpolasaithe scríofa na scoile agus go gcomhroinnfí í le tuismitheoirí agus tuismitheoirí ionchasacha atá ag machnamh a gclann a rollú sa scoil.

Féadann easpa comhréire a bheith ann idir an rud is mian leis an scoil agus an rud a thagann i gcrích de bharr cúiseanna éagsúla. Go páirteach, féadann sé bheith ina thoradh ar an easpa taithí ar an bhfíor-chomhphlé le tuismitheoirí as cúlraí difriúla agus an tábhacht a bhaineann leis sin. Bíonn an baol ann go measfaí go bhfuiltear sásta nuair nach bhfuil aon ghearán déanta. Leis an dea-chumarsáid, áfach, beifear cinnte go misneofar tuismitheoirí chun a ndearcadh a chur in iúl agus, ag an am céanna, go mbíonn an scoil in ann cuntas a thabhairt ar a seasamh agus ar a cleachtais agus iad a mhíniú. Is den tábhacht é chomh maith ábhairín den tsolúbthacht a choinneáil i dtreo is go bhféadfar athrú agus éabhlóidiú a dhéanamh ar pholasaithe agus cleachtais, áit is gá, mar fhreagairt ar thoradh an chomhphlé leis na páirtithe leasmhara. Féadann Cumainn Tuismitheoirí ról fóinteach a ghlacadh chun an dea-chumarsáid a chur chun cinn sna cúrsaí seo agus, freisin, chun an dea-chaidreamh a chothú leis na tuismitheoirí agus tuairimí na dtuismitheoirí a lorg maidir le gach gné de shaol na scoile.

Is ceart, leis sin, tuairimí na ndaltaí a lorg i mbealach aois-oiriúnach. Áitíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine (2011)[3] gur ceart tuairimí na ndaltaí maidir leis na nósanna imeachta do dhíolúintí, nó sárú ar bith a fheictear dóibh go bhfuil sé déanta ar a gcuid

[3] Religion and Education: A Human Rights Perspective, Bealtaine 2011 lch. 105

tuairimí pearsanta, reiligiúnacha nó fealsúnacha féin, a chur san áireamh lena mbreithniú i dteannta le tuairimí a dtuismitheoirí.

Na daltaí gur as an ngnáth-éiteas i scoil iad, fásfaidh siad suas i sochaí atá ilchultúrtha, il-eitneach agus a bhfuil an iliomad creidiúintí inti. Ní rachaidh sé chun sochair dóibh má bhailíonn siad leo an tuairim gur lú luach creidiúintí 'eile' nó gur ceart go mbeidís dofheicthe.

## 4.3 Eolas ar Chearta an Duine

Is ceart go mbeadh soiléire agus fios ar chearta na ndaltaí agus na dtuismitheoirí go léir mar bhonn eolais faoi chomhphlé na gceisteanna seo. Is mó ar fad an seans atá ann go mbeidh plá agus comhphlé dearfach ann i dtaca leis na ceisteanna íogaireacha seo má bhíonn tuiscint shoiléir ann ar fhírinne an scéil maidir le cearta agus freagrachtaí na bpáirtithe go léir.

Nótáladh agus moladh i dTuarascáil an Fhóraim an tátal a bhí bainte amach ag Honohan agus Rougier (2011) "whatever the shape of future Irish education, teachers need to be equipped to deal with religious and cultural diversity within schools. There is a clear need for more compulsory training for teachers in this area." Moltar, mar sin, go rachfaí chun cainte leis na Coláistí Oideachais agus daoine eile atá gafa le múinteoirí a oiliúint le súil le hoideachas faoin diminsean seo a chur san áireamh mar chuid den churaclam a mhúintear.

Ina theannta sin, machnófar oiliúint a sholáthar i dtaca leis na ceisteanna seo, mar chuid d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil na múinteoirí sna scoileanna againn.

Ina leith seo, tá roinnt foilseachán curtha le chéile ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, a chuireann ar fáil eolas fóinteach cúlra agus ábhair oiliúna do mhúinteoirí.[4] Pléifear go mion le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas soláthar na hoiliúna do Phríomhoidí, múinteoirí, baill de Bhoird Bainistíochta agus páirtithe leasmhara eile i dtaca leis na ceisteanna seo, le súil le feabhas a chur ar an eolas faoin réimse seo, agus dá réir sin cur leis an tsoiléire faoi na ceisteanna seo agus faoin gcaoi is fearr le pléanna dearfacha a chur chun cinn maidir le cur chuige cearta-bhunaithe i scoileanna.

[4] I measc na bhfoilseachán seo tá:
*Human Rights Education in Ireland: An Overview* Coimisiún na Éireann um Chearta an Duine Baile Átha Cliath: 2011
*Young People Promoting Human Rights and Equality in Ireland: 6-step Teacher Guide to CSPE Action Project and Exhibition* Coimisiún na Éireann um Chearta an Duine Baile Átha Cliath: 2013
*Equality in Second Level Schools: A Training Manual for Educators and Trainers* An tÚdarás Comhionannais Baile Átha Cliath: 2014

# Caibidil 5. Rogha Treoracha don Todhchaí

"Ní hé an tomhas céanna a oireann do chách". Scéal soiléir é sin ó scoileanna aonair atá á gcur féin in oiriúint i mbealaí éagsúla do phróifíl mhearathraitheach na ndaltaí ina rangsheomraí. Déanfar iarracht sa chaibidil seo tarraingt as na ceachtanna a foghlaimíodh, an rud a éiríonn leis a iniúchadh agus moltaí a dhéanamh lena mbreithniú ag scoileanna.

Is den tábhacht é go nglacfadh na scoileanna uile an t-am chun a gcuid polasaithe agus cleachtas a bhreithniú ina leith seo, bíodh daonra mac léinn an-ilghnéitheach acu nó ná bíodh, agus chun athbhreithniú a dhéanamh féachaint an bhfuil siad ag glacadh na gcéimeanna is gá chun fáilte a chur roimh na daltaí uile chun go mbraithfidh siad cuimsithe.

Ina leith seo, mhol an Fóram go mba cheart do na scoileanna uile polasaithe a fhorbairt chun daltaí as traidisiúin, reiligiúin agus creidiúintí difriúla a chuimsiú sa scoil.

Is iad Bord Bainistíochta agus Príomhoide na scoile a bheadh i gceannas ar an bpróiseas seo, ach chuimseodh sé chomh maith an pátrún, an lucht foirne, cumann na dtuismitheoirí, na tuismitheoirí i gcoitinne, daltaí (i mbealach aois-oiriúnach) agus gach páirtí leasmhar cuí eile.

Chuirfí sa chuntas sa phróiseas seo éiteas, traidisiúin agus cúinsí ar leith na scoile agus chuirfí i gcrích í i spiorad na huileghabhálachta, an chomhphlé, na comhurraime agus an chomhréitigh.

Ar an bpolasaí a bheith comhaontaithe, phléifí é leis na tuismitheoirí go léir roimh don rollú agus thapófaí an deis chun éiteas, cúlra, cur chuige i leith freastail do chreidimh dhifriúla etc na scoile a mhíniú. Bheadh deis ann i rith an phlé seo freisin chun cúraim agus ceisteanna na dtuismitheoirí ionchasacha i leith na nithe seo a phlé.

Ligfeadh próiseas athbhreithnithe leanúnaigh do scoileanna a bhfeidhmíocht agus na torthaí a bhí ar fheidhmiú an pholasaí, dáiríre, a mheasúnú. Is ceart go n-éascófaí leis an aischothú ó thuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile in aon phróiseas measúnaithe dá leithéid i dtreo is gur féidir glacadh lena dtuairimí.

Chuimseodh polasaithe dá leithéid ceisteanna ar nós:

- Roghanna amach as ranganna reiligiúin agus gníomhaíochtaí eile reiligiúnacha;
- Ceiliúrthaí reiligiúnacha;
- Taispeáint déantúsán reiligiúnach agus cultúrtha sa scoil;
- Eolas réamh-rollaithe do thuismitheoirí;
- Measúnú agus aischothú.

## 5.1 An Cleachtas Reatha maidir leis an gceart chun roghnú amach

Mar a nótáladh thuas, faoi Alt 44 den Bhunreacht, tá an ceart ag na tuismitheoirí uile a gclann a tharraingt siar as an dteagasc reiligúnach ar scoil. Faoi Alt 30 den Acht Oideachais, 1998 ní ceadaithe ceangal ar mhac léinn freastal ar theagasc in ábhar ar bith atá contrártha do

choinsias thuismitheoir an mhic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, do choinsias an mhic léinn.

Mar a nótáladh thuas, ceanglófar ar scoileanna faoin mBille nua, an Bille Oideachais (Iontráil ar Scoil), 2014, atá á dhréachtú faoi láthair, polasaí rollaithe a fhoilsiú lena soiléireofar na socruithe atá déanta ag an scoil chun seasamh le ceart bunreachtúil na dtuismitheoirí nach mbeadh ar a gclann freastal ar an dteagasc reiligiúnach.

I gcásanna áirithe, tharlódh go mba mhian le cuid de na tuismitheoirí a gclann a tharraingt siar as an dteagasc reiligiúnach ar feadh tráthanna áirithe den bhliain, nuair a thugtar tosaíocht don teagasc sainchreidmheach e.g. nuair atáthar ag ullmhú do na sacraimintí, ach go mbeidís rannpháirteach sa rang do chodanna eile den churaclam don teagasc reiligiúnach. Roghnaíonn tuismitheoirí eile a gclann a tharraingt siar as na ranganna teagaisc reiligiúnaigh ar fad.

Ní foláir do na scoileanna ceart na dtuismitheoirí a urramú chun a gclann a tharraingt siar as na ranganna teagaisc reiligiúnaigh. Bíonn bealaí difriúla ag scoileanna difriúla chun éascú le tuismitheoirí gur mian leo a gclann a tharraingt siar as na ranganna teagaisc reiligiúnaigh.

Mar shampla, fanann cuid de na daltaí sa rang agus déanann siad obair scoile nó obair eile nach obair scoile í. Bíonn cuid de na daltaí ag léamh nó bíonn ceachtanna ar líne acu faoina gcreidimh agus a dtraidisiúin féin. Leis an TCF nua-aoiseach bíonn cuid de na daltaí in ann páirt a ghlacadh i gceachtanna ar líne nó idirghníomhach sa rangsheomra fad is a bhíonn an teagasc reiligiúnach ar siúl. Féadann na ceachtanna seo bheith ag baint le traidisiúin, reiligiúin nó creidiúintí an dalta aonair féin.

Tugann cuid de na scoileanna cead do na daltaí an rangsheomra a fhágáil ach fanúint sa scoil. Tá cead acu bogadh go dtí seomra eile e.g. leabharlann nó seomra acmhainne ina mbíonn ball eile den bhfoireann á maoirsiú. Ní mar an gcéanna polasaithe na scoileanna go léir maidir leis an obair a dhéanann siad i gcúinsí maoirsithe dá leithéid, cuid de na scoileanna ag roghnú go mbeadh na daltaí ag déanamh obair scoile agus cuid eile ag tabhairt cead dóibh léitheoireacht ghinearálta a dhéanamh nó obair a bhaineann le traidisiúin, reiligiúin nó creidiúintí an dalta aonair féin.

Rogha eile atá ann ná ligint do dhaltaí bogadh go dtí rangsheomra eile, áit a nglacann siad páirt sna ceachtanna atá ar fáil sa rangsheomra sin. I scoileanna móra ina bhfuil sruthanna iolracha de gach aon ghrád, d'fhéadfaí, b'fhéidir, ranganna reiligiúin a scaipeadh sa chaoi go bhféadfadh daltaí gur mian leo roghnú amach bogadh go dtí rang eile den ghrád céanna agus coinneáil leis an gcuraclam sa rang sin. Braitheann lóistíocht a leithéid de shocrú ar an líon daltaí atá ag iarraidh bogadh go dtí rang eile agus ar an líon ranganna atá ar fáil.

Áit nach bhfuil na háiseanna ná an fhoireann ag scoil chun éascú le fanacht amach den sórt sin, féadann dalta fanúint sa rangsheomra, gan páirt a ghlacadh sa cheacht. Féadann sé seo bheith bainteach le cúraim maidir le cosaint leanaí agus gan baill eile foirne a bheith ann chun páistí atá tagtha amach as an rang a mhaoirsiú.

> "*Opting out of religion class is obviously necessary for children of other faiths and none, however there is a vast difference between not partaking but happy to still be 'around' their friends but reading or doing some activity to being taken out of class altogether. This smacks of segregation and I haven't yet met a parent of another faith*

> *who actually wants this. Of course on a purely logistical level this is problematic for schools in terms of providing supervision for children not present in their own/host class*." – Tuismitheoir (uimh. 351)

I gcásanna mar sin, roghnaíonn cuid de na tuismitheoirí a gclann a bhailiú ón scoil chun a chinntiú nach mbíonn siad i láthair sa rangsheomra don teagasc reiligiúnach. Féadann sé seo bheith doiligh do thuismitheoirí chomh fada is a bhaineann lena dtiomantais teaghlaigh nó oibre.

> "*The provision by the school for opt out facilities for children who do not wish to attend. Religion classes would not be possible without the provision of additional supervisory resources by the Department of Education. The opt out option is provided within the school to any parents that do not wish their child to attend religious classes but it is done so within the class environment. One suggestion in the booklet to change religious education to either the start or end of the school day also raised a safety concern, trying to account for the movements of children on and off the premises at various times of the school day*." Cumann Tuismitheoirí, Co Chill Dara (uimh. 187)

Nocht cuid de na tuismitheoirí imní faoi pháistí bheith ag fágáil an ranga i gcúinsí dá leithéid agus chuir siad a n-imní in iúl go mbeadh na páistí sin ina n-ábhar iontais, cé nár mhaith leo sin, nó go mbraithfidís difriúil lena bpiaraí.

> *"So now our son is in the local Catholic school. He is very happy there so far, but now we face the challenge of how to ensure our son isn't made feel excluded or marked out as different simply because we wish to exercise our human right to freedom of and from religion."* Tuismitheoir Uimh. *385*

Is fiú a nótáil, áfach, go ngabhann daltaí isteach is amach as an rangsheomra ar chúiseanna éagsúla a bhaineann leis an bhfoghlaim dhifreáilte nó le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí eile lasmuigh den rangsheomra. Tharlódh, dá bhrí sin, nach mbeadh aird tugtha ná trácht ar leith déanta faoi dhalta bheith ag fágáil an rangsheomra le linn an teagaisc reiligiúnaigh, agus a mhinice a tharlaíonn sé ina lán rangsheomraí.

## 5.2 Sceidealú ranganna reiligiúin agus gníomhaíochtaí eile reiligiúnacha

Dá mbeadh prótacal faoi sceidealú ranganna oideachais reiligiúnaigh le linn an lae scoile san áireamh i bpolasaí na scoile is féidir go mba chabhair do na tuismitheoirí é sin. Rinneadh tagairt dó seo ag lainseáil na tuairisce taighde ag Cathaoirleach Chomhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha 2011.

Tá sé molta teagasc reiligiúnach a reáchtáil ag an am céanna gach lá, rud a dhéantar ina lán scoileanna. Mhol an tAire agus Tuarascáil an Fhóraim go n-éascódh sé le tuismitheoirí a gclann a thógáil amach as ranganna, más é sin is rogha leo, dá reachtálfaí na ranganna sin ag tosach nó deireadh an lae scoile. D'fhéadfadh fadhbanna eile teacht as sin, áfach, ar a nós siúd a bhaineann le hiompar scoile agus maoirsiú daltaí.

Má tá teagasc reiligiúnach chun bheith ar siúl le linn an lae scoile sa rangsheomra, ba mhó an chinnteacht a bheadh ag na tuismitheoirí a ba mhian leo go roghnódh a gclann amach agus teacht amach as an rangsheomra nó an foirgneamh scoile ar fad, dá mbeadh ranganna dá leithéid sceidealta d'am áirithe sa lá scoile. Bíonn teagasc reiligiúnach ar siúl ina lán

scoileanna ó 12-12.30 p.m. agus éascaíonn sé sin leis an roghnú amach do chuid de na páistí. I gcás chuid eile díobh, áfach, níl sé ar chumas na dtuismitheoirí an dalta a bhailiú ón scoil ag an am seo de bharr a socruithe teaghlaigh nó a dtiomantais oibre féin, agus mar sin ní oibríonn socrú dá leithéid dóibhsan.

I gcásanna inar mian le tuismitheoirí a gclann a tharraingt siar as an rangsheomra, ach go bhfanfaidís sa bhfoirgneamh scoile e.g. i leabharlann nó seomra acmhainne na scoile, d'fhéadfadh fadhbanna maoirseachta a bheith ann don scoil dá mbeadh páistí as ranganna éagsúla agus d'aoiseanna éagsúla sa leabharlann nó i seomra eile ag an am céanna.

I measc na roghanna eile a d'fhéadfaí a mhachnamh tá ranganna reiligiúin a bhraisliú sa chaoi, mar shampla, seachas 30 nóiméad a bheith sceidealta in aghaidh an lae cúig lá sa tseachtain, go bhféadfaí seisiún nó dhó a bheadh níos faide ná sin a chur ar siúl in aghaidh na seachtaine. D'éascódh sé seo leis na socruithe don tarraingt siar. Bheadh cúiseanna imní ann, áfach, faoi cheisteanna oideolaíocha i gcás páistí óga nach n-oirfeadh ceachtanna chomh fada sin dóibh.

I scoileanna móra ina bhfuil sruthanna iolracha de gach aon ghrád, d'fhéadfaí, b'fhéidir, ranganna reiligiúin a scaipeadh sa chaoi go bhféadfadh daltaí gur mian leo roghnú amach bogadh go dtí rang eile den ghrád céanna agus coinneáil leis an gcuraclam sa rang sin. Braitheann lóistíocht a leithéid de shocrú ar an líon daltaí atá ag iarraidh bogadh go dtí rang eile agus ar an líon ranganna atá ar fáil.

Mar is léir, tá éagsúlacht roghanna ann do scoileanna chun éascú le tuismitheoirí gur mian leo go roghnódh a gclann amach go hiomlán nó go páirteach as ranganna teagaisc reiligiúnaigh, agus ní liosta uileghabhálach é seo in aon chor. Is fóinteach an rud é na bealaí féideartha chun éascú leis an roghnú amach a bheith oibrithe amach ag scoil, agus mianta agus riachtanais na dtuismitheoirí a bheith pléite sula dtéann an páiste ar scoil don chéad uair. Sa chaoi seo, féadann comhphlé a bheith ann mar aon le hoscailteacht maidir le teacht ar réitigh atá inghlactha do chách.

## 5.3 Daltaí a Chuimsiú i Searmanais Reiligiúnacha a bhaineann le hÉiteas na Scoile

I scoileanna sainchreidmheacha, is minic a chomóirtear ócáidí móra sa scoilbhliain le cruinniú mór de phobal na scoile ar fad. Féadann cruinnithe den sórt sin eilimint reiligiúnach a áireamh e.g. liotúirge do dheireadh na bliana nó seirbhís urnaithe. Is ceart an chothromaíocht cheart a aimsiú idir an fonn chun éiteas sainchreidmheach na scoile a léiriú agus an aidhm go mbeadh gach duine san áireamh sa cheiliúradh.

I scoileanna áirithe, freastalaíonn daltaí gur as traidisiúin, reiligiúin agus creidiúintí difriúla iad ar shearmanais dá leithéid agus glacann siad páirt iontu i "mbealaí eile." Mar shampla, féadann siad an ceol a sholáthar nó cantaireacht a dhéanamh ag searmanais dá leithéid. Freastalaíonn daltaí eile ach ní ghlacann siad páirt i mbealach ar bith, agus is fearr le cuid eile acu gan freastal ar chor ar bith, agus cuireann an scoil gníomhaíochtaí eile ar fáil dóibh áit eile sa scoil nó ina rangsheomra féin, fad is atá an searmanas reiligiúnach ar siúl. Cuireann an scoil ball den bhfoireann ar fáil chun na gníomhaíochtaí seo a mhaoirsiú. Is bunriachtanas é dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí d'fhonn a chinntiú go ndéantar socruithe cuí do dhaltaí dá leithéid.

"*when we have a school mass, children who are not catholic sometimes attend as they like playing their instruments in the school choir. This is the choice of each family. Obviously, they don't receive communion in these cases. No fuss is made. Children are naturally accepting of differences. Some children opt to remain in school on such occasions, and we always facilitate this. We are open with the children about our differences, and we rejoice in the fact that we are not all the same! At the same time, we remain true to our ethos as a catholic school*." – Múinteoir, Co na Gaillimhe (uimh. 262)

I scoileanna Caitliceacha, féadann ceiliúrthaí sacraimintiúla bheith ina n-ócáidí suntasacha i bhféilire na scoile. Is ceist thábhachtach é an chaoi a láimhseáiltear iad seo ó thaobh na scoile agus pobal na scoile de. Mar a nótáladh thuas, féadann cuid de na daltaí nach Caitlicigh iad an rogha a dhéanamh freastal ar na ceiliúrthaí seo agus páirt a ghlacadh iontu trí cheol nó cantaireacht nó i mbealach éigin eile. Socraíonn daltaí eile gan páirt a ghlacadh agus is féidir malairt socruithe a chur ar bun dóibhsan.

## 5.4 Féilte Reiligiúnacha a Cheiliúradh.

Moladh i dTuarascáil an Fhóraim go bhforbródh Boird Bainistíochta polasaithe scoile faoi cheiliúrthaí reiligiúnacha agus cultúrtha. Is ceart go mbeadh sé mar aidhm ag polasaithe dá leithéid a chinntiú go mbíonn ceiliúrthaí dá leithéid uileghabhálach, oideachasúil agus go n-urramóidís traidisiúin éagsúla na ndaltaí sa scoil.

I ndáiríre, tógann mórán scoileanna céimeanna chun na féilte móra reiligiúnacha a chomóradh i gcaitheamh na bliana, agus tionólann scoileanna eile lá nó seachtain idirchultúrtha ina gceiliúrtar gach reiligiún, creidiúint agus traidisiún atá i láthair sa scoil. Tagann ionadaithe de chuid na reiligiún, na gcreidiúintí agus na dtraidisiún éagsúil atá i láthair sa scoil go dtí an scoil chun cainteanna agus léirithe a thabhairt do na daltaí.

"*In schools with a faith based ethos the display of statues and symbols around the school reflects this and should of course be explained to the children. For other religions or cultures as religious holiday or other major celebrations take place they could be marked in some way as they occur*." – Cumann Tuismitheoirí (uimh. 404)

Má phleanáiltear agus má chomóirtear na ceiliúrthaí seo i gcaitheamh na bliana i mbealach a bhfuil comhairle leis na tuismitheoirí ag gabháil leis is iondúil gur féidir iad seo a láimhseáil go maith. Is gnó do phobal na háite é a chinneadh an seachtain chultúrtha é seo nó ceiliúradh leanúnach den ilghnéitheacht a reachtáiltear ag amanna cuí sa bhliain.

I scoileanna eile, cuirtear seomraí agus áiseanna ar fáil tar éis am scoile i gcomhair ranganna reiligiúin do chreidimh agus sainchreidimh éagsúla. Féadann siad seo bheith curtha ar siúl do dhaltaí sa scoil nó do bhaill eile den phobal gur mian leo teacht chuig ranganna dá leithéid. Sampla é seo de dhea-chleachtas a ligeann don dea-chaidreamh agus don chomhthuiscint teacht chun cinn idir an scoil agus an pobal dá bhfónann sí.

Le linn an chomhairliúcháin phoiblí, léiríodh cúis bheag imní faoin gcomharthacht, nó meon na turasóireachta i gcás na gceiliúrthaí seo.

"*..suggest that the school has a Diversity and Equality policy which encompasses much more than just religion and ensures that the approach used by the school is not tokenistic or touristic as opposed to reflecting the everyday lives of the children*

*attending the school – which is the risk when using a multi-cultural approach to this issue"* – tuismitheoir (uimh. 92)

Sa chás seo freisin, níl bealach níos fearr chun a chinntiú go gcomóirtear na ceiliúrthaí go híogair ó thaobh an chultúir de, agus i mbealach aois-oiriúnach, ná dea-chaidreamh a bheith ag an scoil leis na grúpaí éagsúla.

## 5.5 Taispeáint Déantúsán Reiligiúnach

Bíonn taispeáint éigin de dhéantúsáin reiligiúnacha nó siombail de shaghas éigin sa scoil ag formhór na scoileanna sainchreidmheacha, cé go mbíonn difríocht sa chleachtas ina leith seo de réir an tsainchreidimh. Léiriú dlisteanach ar luachanna stairiúla agus cultúrtha na scoile, agus ar a héiteas reiligiúnach is ea taispeáint déantúsán dá leithéid.

Nochtadh tuairimí faoin tábhacht a bhain le déantúsáin dá leithéid a thaispeáint i scoileanna Caitliceacha, ach go háirithe, agus chuir a lán tuismitheoirí in iúl go mbeidís glan in aghaidh aon bheart chun déantúsáin dá leithéid a bhaint nó cosc a chur ar a dtaispeáint.

> "*I want crosses and catholic statues to remain in pride of place in my catholic schools, not gathered in a dedicated space along with Buddha*." – Tuismitheoir (uimh. 426)

> "*This notion of having symbols and statues of other beliefs and religions in a Catholic School is ludicrous*" – Tuismitheoir (uimh. 393)

I scoileanna áirithe, bíonn láthair nó láithreacha taispeána fágtha i leataobh i ngach aon rangsheomra ina dtaispeántar déantúsáin a bhaineann le reiligiúin nó córais creidiúintí eile ag amanna éagsúla i gcaitheamh na bliana. Go hiondúil, tarlaíonn sé seo ag an am céanna le féilte móra reiligiún áirithe e.g. ábhar maidir leis an Hiondúchas á thaispeáint nuair atáthar ag ceiliúradh Diwali. Léirítear éiteas na scoile le taispeáint bhuan déantúsán agus úsáidtear an láthair taispeána sealadaí do thaispeáintí rothlacha.

> "*In schools with a faith based ethos the display of statues and symbols around the school reflects this and should of course be explained to the children. For other religions or cultures as religious holiday or other major celebrations take place they could be marked in some way as they occur*." – Cumann Tuismitheoirí (uimh. 404)

Ní mholtar go gcuirfí cosc ar thaispeáint déantúsán reiligiúnach. Moltar, seachas sin, go dtaispeánfaí déantúsáin eile i scoil, a léiríonn traidisiúin eile, mar chuid de phróiseas ceiliúrtha na hilghnéitheachta agus chun oideachas a chur ar dhaltaí faoi thraidisiúin, reiligiúin agus creidiúintí eile a bheith ann. Mar a nótáladh thuas, i roinnt de na scoileanna tá am áirithe sa bhliain ann atá fágtha ar leataobh chun an ilchultúrthacht a cheiliúradh agus is cuid dhílis den cheiliúradh seo taispeáint déantúsán.

## 5.6 Polasaithe agus Cleachtais a Mheasúnú

Moladh i dTuarascáil an Fhóraim go mbeadh ról ag féinmheasúnú na scoileanna agus ag an gcigireacht sheachtrach araon chun tacú le polasaithe a chur i bhfeidhm maidir leis an ilghnéitheacht i scoileanna.

Próiseas is ea an féinmheasúnú faoina gcuirtear ar chumas na scoileanna a gcleachtas agus a bpolasaithe féin a athbhreithniú i mbealach córasach. Faoi láthair, tá éilithe ag an Roinn ar

na scoileanna tosaíocht a thabhairt do ghnéithe sainiúla den litearthacht, den uimhearthacht agus de réimsí eile múinteoireachta sa chéad chéim den bhféinmheasúnú scoile, a bhfuil deireadh le teacht léi i 2015/16. Táthar ag súil le hábhair a chur ar fáil chun tacú le scoileanna agus iad ag iniúchadh gnéithe dá gceannaireacht agus dá mbainistíocht, ar a n-áirítear a bpolasaithe scoile uile maidir leis an ilghnéitheacht agus an iolrachas, le linn céime eile den bhféinmheasúnú tar éis 2015/16. Tá sé de chumas ag an bhféinmheasúnú scoile bheith mar uirlis fhóinteach chun comhaontú a chinntiú maidir le huileghabhálacht agus ilghnéitheacht bhreisithe a bhaint amach i scoileanna, sa mhéid go mbíonn comhphlé le tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile ag gabháil leis.

Moladh i dTuarascáil an Fhóraim chomh maith go measúnódh an Chigireacht obair na scoileanna chun polasaithe uileghabhálachta agus ilghnéitheachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sa mheasúnú scoile uile. Cheana féin, bailíonn na cigireachtaí seo méid nach beag de shonraí faoi thuairimí na mac léinn agus a dtuismitheoirí faoina scoileanna trí cheistneoirí faoi rún. Bíonn baint cheana féin ag cuid de na ceisteanna a chuirtear le téamaí a bhaineann le hatmasféar na scoile, ar a n-áirítear ceisteanna faoi cé chomh mór is a fheictear do thuismitheoirí gur timpeallacht oscailte, fháiltiúil an scoil. Tá sé beartaithe na tacair ceisteanna seo a bheachtú a thuilleadh chun sonraí níos fearr a chur ar fáil faoin uileghabhálacht agus faoin ilghnéitheacht. Ar ndóigh, ní foláir go mbeadh tacar d'ionchais soiléirithe mar threoir ag an gcigireacht, agus beidh obair ag teastáil ón Roinn agus ó pháirtithe eile ina leith seo chun ionchais réalaíocha a shonrú i dtaca leis an uileghabhálacht. Ceann de na chéad chéimeanna i dtreo na críche sin is ea an Tuarascáil seo.

## 5.7 Tátal

Tá sé mar thraidisiún ag Éirinn meas ar chearta an duine a chur chun cinn sa mbaile agus thar lear araon. Is den tábhacht é go mbeadh an traidisiún seo mar bhunús againn i réimse an oideachais agus na saoirse creidimh, ach go gcuirfimis sa chuntas ag an am céanna na hathruithe atá tagtha ar an tsochaí againn.

Tá ár gcuid scoileanna tar éis iad féin a chur in oiriúint do na hathruithe sa tsochaí agus tá dea-thoil ag mórán scoileanna i dtaca le fónamh ar gach aon bhall de na pobail ina bhfuil siad suite. Tá cleachtais nua tionscanta ag na scoileanna seo agus tá na cleachtais a bhí ann cheana curtha in oiriúint acu d'fhonn freastal don ilghnéitheacht i measc a ndaltaí.

Rinne an Fóram um Pátrúnacht iniúchadh ar a lán de na ceisteanna seo agus ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn do chóras oideachais na hÉireann. De réir an Phlean Aicsin a leag an tAire Oideachais agus Scileanna amach in 2012, tá moltaí an Fhóraim á gcur i bhfeidhm.

Bunaíodh an Grúpa um Bunú Scoileanna Nua in 2011 agus tá méid bhreisithe ilghnéitheachta pátrúnachta le feiceáil sna scoileanna nua atá á mbunú le blianta beaga anuas.

Tá an próiseas dífheistithe ar siúl i gcónaí freisin agus bíodh is nach bhfuil an dul chun cinn chomh tapaidh agus a beartaíodh ar dtús, tá dul chun cinn á dhéanamh agus tá tús curtha leis an bpróiseas dífheistithe i gcás scoileanna áirithe cheana féin.

Tá ról lárnach le glacadh ag na scoileanna atá ann cheana, áfach, bíodh is gur cuid den fhreagairt ar na hathruithe sa tsochaí é ilghnéitheacht pátrúnachta a chur chun cinn. Mar a nótáladh sa pháipéar, tá na hoibleagáidí céanna ar na scoileanna uile cearta daonna na ndaltaí agus a dtuismitheoirí a urramú, is cuma faoin achar idir iad agus scoileanna eile faoi mhalairt

phátrúnachta, bídís i ngar dóibh nó i bhfad uathu. Tá an-chuid samplaí ann de scoileanna atá ag obair chun an dea-chleachtas a fhorbairt i dtaca le freastal don ilghnéitheacht i measc na bpobal ina bhfuil siad suite.

Mar is léir ón bpáipéar seo, tá an-chuid tuairimí éagsúla ann i dtaobh na caoi gur féidir le scoileanna uileghabhálacht na ndaltaí uile a chur chun cinn agus bheith fáiltiúil do gach aon bhall de na pobail ina bhfuil siad suite. Tá an-chuid curanna chuige difriúla á nglacadh ag scoileanna i gcomhthéacsanna difriúla ar fud na tíre. Tá na scoileanna seo ag cur cleachtas i bhfeidhm a bhfuil sé mar aidhm acu bheith uileghabhálach i leith gach aon duine agus ag an am céanna traidisiúin agus sainspiorad na scoileanna a urramú.

Tugtar cuntas sa pháipéar ar churanna chuige i dtaca leis an oideachas reiligiúnach agus/nó searmanais reiligiúnacha a eagrú faoina gceadaítear dóibh siúd gur mian leo roghnú amach déanamh amhlaidh, agus ar na bealaí éagsúla chun ceisteanna a láimhseáil ar nós féilte reiligiúnacha a cheiliúradh nó déantúsáin reiligiúnacha a thaispeáint, iad siúd a bhaineann le traidisiúin, reiligiúin agus creidiúintí eile san áireamh.

In áit bheith saintreorach, tá sé mar aidhm ag an bpáipéar seo scoileanna a chur ar an eolas faoin raon cleachtas atá ag teacht chun cinn le súil go ndéanfaidís a gcleachtais féin a bhreithniú go grinn agus go rachaidís i gcomhairle lena bpobail agus a bpáirtithe leasmhara féin d'fhonn polasaithe nua a cheapadh ina leith seo. D'fhéadfadh polasaithe dá leithéid bheith ina n-ábhar athbhreithnithe agus léirmheasa leanúnaigh de réir mar a bhíonn athrú ag teacht ar an scoil agus ar an tsochaí i gcónaí. Leis an gcur chuige éabhlóideach seo, bíonn an scoil in ann a chinntiú go mbíonn a polasaithe oiriúnach don scoil, dá daltaí agus dá riachtanais athraitheacha. Bheadh sé de chumas ag an measúnú scoile an próiseas athbhreithnithe agus léirmheasa seo a chur chun cinn agus dea-chleachtais i measc scoileanna a chur chun cinn freisin.

Dá bhrí sin, de reir mar atá creatlach náisiúnta polasaí á forbairt, féadann gach scoil a cleachtais agus a polasaithe féin a fhorbairt, i gcomhréir lena héiteas agus a cúinsí áitiúla féin. Ba cheart, ar ndóigh, go mbeadh sé mar aidhm ag na cleachtais agus na polasaithe seo a chinntiú go n-urramófar cearta gach duine agus gur ionaid fáilte, foghlama agus forbartha iad scoileanna na hÉireann a fheidhmíonn i spiorad na comhoibrithe, na comhurraime agus na dea-thola.

Mar a léiríodh i gCaibidil 4, is den tábhacht iad na prionsabail bhunúsacha ar nós na dea-chumarsáide, na soiléire faoi chearta agus freagrachtaí, na hoscailteachta i leith an chomhphlé, agus na solúbthachta i gcás na bpáirtithe go léir, má táthar chun a chinntiú go bhfeidhmíonn polasaithe faoi cheisteanna de leithéid ceiliúrthaí reiligiúnacha, taispeáint déantúsán, agus an roghnú amach as an dteagasc reiligiúnach sa mbealach cuí chun cearta gach duine a chosaint.

Trí na prionsabail seo a fheidhmiú agus iad ag comhaontú polasaithe faoi na ceisteanna seo, is féidir leis na scoileanna uile, faoi na comhlachtaí pátrúnachta éagsúla uile, oibriú chun a chinntiú go bhfanann siad dílis don éiteas atá acu agus cearta gach aon bhaill de phobal na scoile a chosaint agus a urramú ag an am céanna.

Ag leibhéal polasaí náisiúnta, rachfar ar aghaidh le moltaí Thuarascáil an Fhóraim a chur i bhfeidhm. Mar a nótáladh ag tús na caibidle seo, níl aon tomhas ann a oireann do chách ina leith seo agus beidh ar lucht feidhmithe Thuarascáil an Fhóraim athruithe agus forbairtí

leanúnacha ar shochaí na hÉireann a chur sa chuntas. Níl aon cheann scríbe ar leith beartaithe don phróiseas seo, dá bhrí sin, ach gur éabhlóid leanúnach orgánach a bheidh ann faoina gceadófar dóthain solúbthachta chun freagairt ar na hathruithe ar an tsochaí agus chun comhthéacsanna difriúla feidhmithe a chur sa chuntas.

Bíonn fáilte i gcónaí roimh thuairimí páirtithe leasmhara, tuismitheoirí agus údaráis scoile ach go háirithe, atá ag déileáil leis na ceisteanna seo ó lá go lá in ár scoileanna. Is féidir iad seo a chur faoi bhráid ag cpu@education.gov.ie agus beidh siad mar bhonn eolais i gcónaí faoi fhorbairt bhreise na bpolasaithe faoin ábhar seo.

# Aguisín 1

## Liosta de na heagraíochtaí /daoine aonair a chuir aighneachtaí faoi bhráid an chomhairliúcháin phoiblí i bhFómhar 2013

Eagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara

| |
|---|
| Cumann Iontaobhaithe na Scoileanna Caitliceacha |
| Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha & Comhpháirtíocht na Scoileanna Caitliceacha (comhaighneacht) |
| Gaelscoileanna Teo |
| Cumann Múinteoirí na hÉireann |
| Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta |
| An Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunbhrainse |

Eagraíochtaí eile

| |
|---|
| Atheist Ireland |
| Coistí Chúram Leanaí Éireann |
| Na Pobalscoileanna Náisiúnta |
| Comhdháil na nOrd Crábhaidh in Éirinn |
| Deoise Ail Finn |
| Deoise Fhearna |
| Deoise Luimnigh |
| Dublin City Integration Forum (DCIF) |
| Education Together North Central Start Up Committee |
| An Comhaontas Glas |
| Humanist Association of Ireland |
| Ireland Stand Up |
| Irish Lebanese Cultural Foundation |
| Irish Traveller Movement |
| Comhairle Oideachais Dheoise Chiarraí |
| Kerry Travellers Health & Community Development Project |
| Institiúid Oideachais Marino |
| Muslim Children's Parent Groups |
| Cumann Náisiúnta na gComhairleoirí Deoise |
| National Traveller MABS |
| Secular Parents Group Dalkey |
| Show Racism the Red Card |
| St. Anthony's Park Community Development Initiative |
| Coláiste Phádraig, Droim Conrach |
| The Integration Centre |
| Traveller Health Co-Ordinator, HSE South |
| Waterford Traveller Community Development Project |
| Wicklow Travellers Group |

## Eagraíochtaí Tuismitheoirí

| |
|---|
| Scoil Piper's Hill Pobalscoil Náisiúnta |
| Scoil Choilm Pobalscoil Náisiúnta |
| Scoil Chormaic Pobalscoil Náisiúnta |
| Scoil Ghráinne Pobalscoil Náisiúnta |
| Scoil Íde Naofa |
| Scoil Mhuire gan Smál, Kilkerley |
| Scoil Mhuire na n-Aingeal |
| Scoil Chruimín Naofa Scoil Náisiúnta |
| Scoil Mhuire do Bhuachaillí Scoil Náisiúnta |
| Scoil na nDúnta Scoil Náisiúnta |

## Ball de Bhord Bainistíochta scoile

| |
|---|
| Callaghan, Eamon |
| Collins, Nora |
| Connolly, Patrick |
| Fahey, John |

## Baill den Fhoireann i scoil

| |
|---|
| Caldwell, Laura |
| Dermody, Anita |
| Foy, Ruth |
| Horgan, Laura |
| McMorrow, Theresa |
| Murphy, Mairéad |
| O'Donovan, Mary |
| O'Regan, Brendan |
| O'Sullivan, Terry |
| Staff at St. George's NS |
| Uí Chonchúir, Cáit |

## Daoine aonair/tuismitheoirí

| |
|---|
| Ahern, Mamie & Paul |
| Alsane (Bean) |
| Arthure, Fr. Robert |
| Ascough, Tom |
| Ascough, Seán |
| Bailey, Seán |
| Barbeau-Person, Aurore |
| Barden, Anne |

| |
|---|
| Barrett, Anne |
| Beck, Richard & Julie |
| Bedford, Mark |
| Benson, A |
| Beyssac, Raphaele |
| Bishop, Amanda |
| Bow, Josephine |
| Bowler, Paul |
| Boyle, Evana |
| Bradley, Ted |
| Brennan, Tony |
| Brescanu, Tina |
| Brown, Therese (thar ceann dháréag) |
| Bulfin, Alise & Brew, Liam |
| Burke, Catherine |
| Burke, Enda |
| Burke, Iomar |
| Byrne, John |
| Byrne, Mark |
| Cahill, Anne |
| Carabine, Maeve |
| Carey, Susan |
| Carr, Patrick & Anna |
| Carr, Dennis |
| Casey, Anne |
| Chamberlaine, Karen |
| Chan, Patrick |
| Churchward, Mary |
| Clarke, Heather |
| Clifford, Clare (on behalf of 8 people) |
| Coleman, Marc |
| Coleman, Michele |
| Comerford, Quentin |
| Conboy, Wesley |
| Conway, Prof. Eamonn, Duffy, Dr Eugene & Van Nieuwenhove, Dr Rik |
| Cooke, Miranda |
| Cooke, Philip |
| Cooney, Fand |
| Corcoran, Austen |
| Corcoran, Paula & Browne, Cornelius |
| Cosgrove, Mary |
| Costello, Niamh |
| Costello, Suzanne |
| Creagh, Margaret |
| Crowley, Gavin |

| |
|---|
| Cummins, Pat |
| Cunniffe, Ornagh |
| Cunningham, Joan |
| Daly, Kieran |
| de Clár, Ray & Aoife |
| De Paor, Liam |
| Dean, Janet |
| DeBarra, Colm |
| Deegan, Martin & Teresa |
| Desbonnet, Luc & Margaret |
| Devaney, James & Anne |
| Devenney, Lynda |
| Diggins, Judy |
| Dignan, Jean |
| Dillon, Michael |
| Doherty, Donna |
| Doherty, Mary |
| Doherty, Darragh |
| Donnelly, Liz |
| Donnelly, Derbhile |
| Donohoe, Carol |
| Donohue, Breda |
| Dorman, Catriona |
| Dorrian, Pauline |
| Doyle, Janice |
| Doyle, Stewart |
| Doyle, Anne |
| Doyle, Alma |
| Doyle, Tommy |
| Duffy, Mary |
| Duggan, Anna |
| Duggan, Derval |
| Dunne, Alan |
| Dunne, Judith |
| Dunne, Colin |
| Dunne, Gary |
| Dyball, Tim |
| Egan, Sarah |
| Egan, Orla |
| Elstoe, Tony James |
| Elstoe, Maria |
| English, Wendy |
| Fagan, Ciara |
| Faherty, Jacqueline |
| Fahy, Mary |
| Farragher Walsh, Louise |

| |
|---|
| Farrelly, Peter |
| Farren, Patricia |
| Fernandez, Damaris |
| Finn, Lili & Brian |
| Finnegan, Tanya |
| Fitzgibbon, Mary & Michael |
| Fitzpatrick, Lisa |
| Fitzpatrick, Eamon |
| Flanagan, Brian |
| Flynn ,Frank |
| Flynn, Madge & Donohue, Noranne |
| Fogarty, Clare |
| Foley, Liam |
| Foley, Ruth |
| Forde, Fr. Des |
| Forrest, Kathleen |
| Fowler, Rebecca |
| French, Alan |
| Freney, Vincent |
| Fuller, Colin |
| Fuller, Robert |
| Furlong, Majella |
| Gahan, Joanne |
| Gardner, Emmet |
| Garvey, Maura |
| Giblin, Marina |
| Giusti, Giovanni |
| Gleeeson, Martin |
| Godkin, Claire |
| Graham, Suzanne |
| Greene, Margaret |
| Griffith, Nora |
| Griffith, Catherina |
| Harmon, Lucy |
| Hayden, Rónán |
| Healy, Fr. Bernard |
| Hegarty, Jacqui |
| Henry, Lara |
| Higgins, Josephine |
| Hinchliffe, P. |
| Hoban, Esther |
| Hofmann, Maria |
| Hogan, Fr. Joe |
| Hogan, Niamh |
| Holmes, Bridget |
| Hope, Suzanne |

| |
|---|
| Hough, Janice |
| Hughes, Peter |
| Hurley, John |
| Hynes, Therese |
| Jackson, Tim |
| Johnson, David |
| Jordan, Tony |
| Joyce, Clare |
| Kavanagh, Anthony |
| Kavanagh, Catherine |
| Kearney, Diarmuid |
| Keaveny, Orla |
| Keddy, Dermot |
| Kel, Ciaran |
| Kelleher, Liz |
| Kelly, Olwyn |
| Kelly, Betty |
| Kelly, Fr. Liam |
| Kelly, Seán & Joan |
| Kennedy, Bairbre |
| Kennedy, Noreen |
| Keogh, Mary |
| Keogh, Pádraig |
| Keszynska, Monica |
| Kieran & Grenham |
| Kilgallen, Marie |
| Lane, Dermot |
| Lane-Spollen, Emma |
| Lanigan-O'Keeffe, Gwen |
| Larkin, Gerard & Joan |
| Le Provost, Laurent |
| Leahy, Fiona |
| Leenheer, Martijn |
| Lematre, Jean-Francois |
| Leonard, Anthony & Frances |
| Levins, Philippa |
| Lewis, Jane |
| Little, Stella |
| Loftus, Rev. John |
| Lonergan, Aidan |
| Looney, Denise |
| Looney, Niamh |
| Loughnane, Fergal |
| Low, Andrew |
| Loxley, Fiona |
| Lyons, Bridget |

| |
|---|
| Lyttleton, Philomena |
| Madden, Brian |
| Magee, Emer |
| Magera, Esther |
| Maguire, Olive |
| Maher, James & Anne |
| Maher, Sheila |
| Maher, James |
| Mannion, Mrs C. |
| Martin, Veronica |
| McCamley, Caroline |
| McCarthy, Ellen |
| McCarthy O'Connell, Kathleen |
| McCormick, Felicity |
| McDermott, Richard |
| McDermott, Lucia |
| McDonagh, Ultan |
| McDonagh, Nuala |
| McDonnell, Michael & Bríd |
| McDonnell, Anita |
| McEvilly, Agnes |
| McGann, Brenda |
| McGee, Colm |
| McGowan,  Carol & Aidan |
| McGuinness, Susan |
| McInnes, Barbara |
| McKervey, Henrietta |
| McKiernan, Clair |
| McMahon, Deborah |
| McMahon, Yvonne |
| McNamara, Liz |
| McNulty, Michelle |
| McTiernan, Tadhg |
| Meehan, Rosa |
| Mercer, Karl & Mary |
| Minihan, Karen |
| Moran, Matt |
| Morgan, Antona |
| Mouze, Christophe & Cullen, Ciara |
| Mulcahy, Paula |
| Mullins, Patrick |
| Mulroy, Eilis & Martin |
| Murphy, Thomas |
| Murphy, Shona |
| Murphy, Mary |
| Murphy, E. |

| |
|---|
| Murphy, Gerard |
| Murphy, Eileen (Aighneacht thar ceann 29 duine) |
| Murray, John |
| Nestor, Valerie |
| Nawrocka, Weronika |
| Ní Argadáin, Neasa |
| Ní Cheallaigh, Aingle |
| Ní Dhochartaigh, Louise |
| Ní Dhubhda, Sandra |
| Ní Ghairbhith, Siobhan & Harrington, John |
| Neylon, Anne |
| Nolan, Rossa |
| Nolan, David |
| O Caollai, Eochaidh |
| O Ceallaigh, Séamus |
| Ó Coigligh, Ciaran |
| Ó Dubhthaigh, Gearóid |
| O' Flaherty, Ed |
| O h-Iceadha, Séamus |
| O'Beachain, A.P. |
| O'Brien, Catherine |
| O'Brien, Therese |
| O'Brien, Jimmy |
| O'Brien, Bill |
| O’Byrne, Mary |
| O'Callaghan, Denise |
| O'Cathail, Donncha |
| O'Connel, Ruth |
| O'Connell, Harmon, Kieran |
| O'Connor, Niamh |
| O'Connor, Paula |
| O'Connor, Pat |
| O'Connor, Eamonn |
| O'Connor, Loretta |
| O'Donnell, Bláithín |
| O'Donnell, Eileen |
| O'Flaherty, Linda |
| O'Floinn, Angela |
| O'Gara, Ger |
| O'Hara, Mary & Paul |
| O'Hare, Anne |
| O'Keeffe, Caroline |
| O'Keeffe, Anna |
| O'Leary, Liz |
| O'Leary, Mark & Anne |
| O'Leary, John & Póilín |

| |
|---|
| O'Mahony, Rosemarie |
| O'Malley, Fiona |
| O'Malley, Niamh |
| O'Malley, Margaret |
| O'Meara, Esther |
| Ó Murchú, Daithí |
| O'Reilly, Claire |
| O'Reilly, Kevin |
| O'Riordan, Mark |
| O'Rourke, Joe |
| O'Shea, Conor |
| O'Shea, Helen |
| O’Shea, Pauline |
| O'Sullivan, Jim & Kathleen |
| O'Sullivan, Nessa |
| O'Sullivan, Deirdre |
| O'Sullivan, Eva |
| O'Sullivan, Donal |
| O'Toole, Maria |
| Parkes, Gráinne |
| Parsons, Robert |
| Patterson, Marc & Kyne, Breda |
| Pepple, Elizabeth |
| Pittock. John. S. |
| Pittock, Deirdre T. |
| Plassart, Delphine |
| Power, Declan |
| Proctor, Tony |
| Pullen, Sinéad |
| Purcell, Louise |
| Quinlan, John |
| Quinn, Eadaoin |
| Raftery, Bernadette |
| Reilly, Margaret |
| Reynolds, Geraldine |
| Rice, Nora |
| Rodriguez Cabo, Celsa |
| Roe, Fiona |
| Ryan, Paul |
| Ryan, Georgina |
| Ryan, Emer |
| Sadler, Liam |
| Savage, Emer |
| Scannell, Niamh |
| Scarry, Padraig |
| Scott, Judy |

| |
|---|
| Sealy, Brigid |
| Sheehan, Bryan |
| Sheerin, Sheila |
| Simms, Clodagh |
| Sinnott, Kathy |
| Slattery, Bríd |
| Smith, Heather |
| Stockil, Gerard |
| Stratton, David |
| Sugrue, Joan |
| Sullivan, Fr. Shane |
| Swan, Suzanne |
| Sweeney, Mary |
| Taylor, Mary |
| Tobin, Mary |
| Togher, P.J. |
| Togher, Agnes |
| Topham, Ruth |
| Twomey, Elizabeth |
| Uí Laimhin, Nuala |
| Uí Threasaigh, Joanne |
| Vander Schueren, Dirk |
| Wade, Letitia |
| Wall, Clodagh |
| Walsh, Eilish |
| Ward, Patricia |
| Watters, Rosemary |
| Wheatley, Gillian |
| Whelan, Alan & Kate |
| Whelan, Elaine |
| Whelan, Martin |
| Whoriskey, Liz |
| Williams, Nadia |
| Williams, Greg |
| Wilson, Sheila |
| Woulfe, Nuala |

# Bibliography

Central Statistics Office (2012) *Census of Ireland, 2011* Cork: CSO

Deegan, J., Devine, D. and Lodge A. (eds.) (2004) *Primary Voices: Equality, Diversity and Childhood in Irish Primary Schools* Dublin: Institute of Public Administration

Department of Education (1965) *Rules for National Schools* Dublin: Stationery Office

Department of Education and Skills (2012) *The Forum on Patronage and Pluralism in the Primary Sector: Report of the Forum's Advisory Group* Dublin: Stationery Office

Government of Ireland (2011) *Government for National Recovery 2011-2016* Dublin: Stationery Office

Honohan, I. and Rougier, N. (2011) *Accept Pluralism: Discourses and Practices Addressing Cultural Diversity in Irish schools* Florence: European University Institute pg. 50

Irish Human Rights Commission (2011) *Religion and Education: A Human Rights Perspective* Dublin: IHRC pg. 105

Irish Human Rights Commission (2011) *Human Rights Education in Ireland: An Overview* Dublin: IHRC

Irish Human Rights Commission (2013) *Young People Promoting Human Rights and Equality in Ireland: 6-step Teacher Guide to CSPE Action Project and Exhibition* Dublin: Irish Human Rights Commission

The Equality Authority (2014) *Equality in Second Level Schools: A Training Manual for Educators and Trainers* Dublin: The Equality Authority

Kieran, P. and Hession, A. (2005) *Children, Catholicism and Religious Education* Dublin: Veritas